Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Réamhfhocal an Aire

Tá freagracht orainn ar fad, a bhíonn ag idirghníomhú le leanaí agus daoine óga, a chinntiú go ndéantar leanaí a chaomhnú agus go ndéantar a leas. Ní mór mar sin do gach scoil tosaíocht a thabhairt do chaomhnú leanaí agus ní mór é a bheith ag croí-lár gach gníomhaíocht.

I ndiaidh dul i mbun comhairleoireachta forleathan le páirtnéirí oideachais a cuireadh *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile* le chéile agus tá siad bunaithe ar *Tús Áite do Leanaí - Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2011*

An cuspóir atá leis na nósanna imeachta seo ná treoir shoiléir a thabhairt d'údáráis bainistíochta scoileanna agus do phearsanra scoile le *Túis Áite do Leanaí* a chur i bhfeidhm i suíomh scoile.

Tiocfaidh na nósanna imeachta i bhfeidhm láithreach i scoileanna bunoideachais agus iar-bhunoideachais araon agus tiocfaidh in áit treoirlínte a eisíodh roimhe seo i 2001 agus 2004 faoi seach.

Tá gnéithe nua tábhachtacha ag baint leis na nósanna imeachta a bhfuil sé i gceist leo a chinntiú go ndéantar iad a fheidhmiú ar bhealach níos leanúnaí ag leibhéal na scoile. Áirítear orthu sin bearta atá leagtha amach lena chinntiú go mbíonn leanúnachas ann ó thaobh cur chuige agus socruithe maoirseachta gach scoil chun an Polasaí Caomhnú Leanaí a fheidhmiú ag leibhéal na scoile. Faoi na nósanna imeachta freisin, éilítear ar gach scoil bunoideachais an clár *Stay Safe* a fheidhmiú go hiomlán.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis na páirtnéirí oideachais faoin ionchur dearfach agus cuiditheach a rinneadh chuig an ngrúpa oibre a raibh baint acu leis na nósanna imeachta seo a fhorbairt.

Ruairi Quinn, T.D.,

An tAire Oideachais agus Scileanna

Clár an Ábhair

RÉAMHFHOCAL AN AIRE

GLUAIS TÉARMAÍ

Caibidil 1 RÉAMHRÁ AGUS CREATCHÓRAS AN DLÍ

1.1 Réamhrá
1.2 Na príomhghnéithe nua
1.3 Polasaí maidir le caomhnú leanaí
1.4 Athbhreithniú de chuid an Bhoird Bainistíochta
1.5 An soláthar sa churaclam agus drochúsáid leanaí a chosc
1.6 An clár Bí Sábháilte
1.7 Nósanna imeachta earcaíochta agus coinníollacha maidir le grinnfhiosrúchán de chuid an Gharda Síochána
1.8 Oiliúint
1.9 Rúndacht
1.10 An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Páistí 1998
1.11 Pribhléid Shrianta
1.12 Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003
1.13 Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Caibidil 2 SAINMHÍNIÚ AR DHROCHÚSÁID LINBH AGUS A THABHAIRT FAOI DEARA

2.1 Drochúsáid Linbh arna rangú ina Chatagóirí
2.2 Comharthaí agus airíonna drochúsáide maidir le leanaí
2.3 Leanaí lena mbaineann soghontacht bhreise

Caibidil 3 AN FHREAGRACHT A LEAGTAR AR LUCHT FOIRNE IOMLÁN NA SCOILE

3.1 Ginearálta
3.2 An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe
3.3 Tuairisc an Phríomhoide leis an mBord Bainistíochta
3.4 Comharthaí drochúsáide a aithint
3.5 Déileáil le cásanna ina ligeann leanaí scéal amach
3.6 Taifid agus a gCoimeád

Caibidil 4 TUAIRISC A THABHAIRT AR ÁBHAR IMNÍ AGUS RÓL FHEIDHMEANNACHT NA SEIRBHÍSE SLÁINTE

4.1 An beart atá le déanamh ag foireann na scoile

4.2 An beart atá le déanamh ag an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe
4.3 Tuairisc an Phríomhoide leis an mBord Bainistíochta
4.4 Ról Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte
4.5 Comhdháil maidir le Caomhnú Linbh
4.6 Ról an Gharda Síochána
4.7 Prótacal don Idirchaidreamh idir FSS agus An Garda Síochána
4.8 Lón Comhairle agus Aiseolais ó FSS

Caibidil 5 LÍOMHAINTÍ NÓ ÁBHAR AMHRAIS MAIDIR LE FOSTAITHE DE CHUID NA SCOILE FAOI DHROCHÚSÁID A THABHAIRT AR LEANBH

5.1 Réamhrá
5.2 Prótacál lena dtugtar údarás le beart láithreach
5.3 An modh ina dtugtar tuairisc
5.4 An beart atá le déanamh ag an bhfostóir
5.5 Aon bhearta breise a bheadh de dhíth
5.6 Aiseolas ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Caibidil 6 DROCHÍDE Ó CHOMHAOISEACH AGUS CÚRSAÍ BULAÍOCHTA

6.1 Réamhrá
6.2 Drochúsáid gnéis á tabhairt ag leanaí agus daoine óga
6.3 Bulaíocht

Aguisín 1: Teimpléad do Pholasaí maidir le Caomhnú Leanaí

Aguisín 2: Liosta Seiceála don Athbhreithniú Bliantúil ar an bPolasaí maidir le Caomhnú Leanaí

Aguisín 3: Comharthaí agus airíonna drochúsáide maidir le leanaí

Aguisín 4: Foirm Thuairiscíochta Chaighdeánach maidir le tuairisc a thabhairt do FSS ar ábhar imní faoi chaomhnú leanaí agus / nó faoi leas leanaí

Aguisín 5: Sonraí Caidrimh maidir le Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS ar fud na tíre

Aguisín 6: Prótacál lena dtugtar údarás le beart láithreach

GLUAIS TÉARMAÍ

Aois Toilithe: Is ionann an aois toilithe agus seacht mbliana déag. Is cion coiriúlachta atá ann dul i mbun gníomh gnéis nó iarracht a dhéanamh dul i mbun gníomh gnéis le leanbh atá faoi sheacht mbliana déag d'aois.

Bord Bainistíochta: Sa cháipéis seo, murar n-éilítear a mhalairt mar gheall ar an gcomhthéacs, tá tagairt á dhéanamh le Bord Bainistíochta chomh maith d'aon duine nó daoine eile arna gceapadh ag an bpátrún chun bainistíocht a dhéanamh ar an scoil thar ceann an phátrúin.

Leanbh: Chun críche na nósanna imeachta seo, ciallaíonn 'leanbh' duine ar bith faoi bhun ocht mbliana déag d'aois. Tugtar de shainmhíniú ar leanbh in Éirinn, faoin Acht um Chúram Linbh, 1991 gur duine ar bith atá faoi bhun ocht mbliana déag d'aois atá ann ach amháin duine atá nó a bhí pósta.

Drochúsáid Linbh: Sa chás go n-úsáidtear leagan de leithéid "drochúsáid (a thugtar ar leanbh / leanaí) linbh/leanaí" sna nósanna imeachta seo, ba cheart a mheas go dtugtar san áireamh gach ceann den ceithre chatagóir (faillí, drochúsáid mothúchán, drochúsaid chorpartha agus drochúsáid gnéis) mar a leagtar amach i gcaibidil 2 sna nósanna imeachta seo agus i gcaibidil 2 de Tús Áite do Leanaí.

Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA): An té atá ainmnithe ag an mBord Bainistíochta mar dhuine idirchaidrimh na scoile maidir le déileáil le FSS, leis an nGarda Síochána agus le páirtithe eile i ndáil le líomhaintí agus / nó ábhar imní maidir le drochúsáid a thabhairt ar leanaí. Leagtar amach ról an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe in alt 3.2 sna nósanna imeachta seo.

Fostaí: Tá an focal “fostaí” ar aon chiall le leagan de chineál "foireann (nó "duine d'fhoireann na") scoile") mara leagtar amach sa ghluais seo. Baintear úsáid as "fostaí' i gcaibidil 5 sna nósanna imeachta seo d'fhonn díriú go háirithe ar an gcaidreamh idir an fostóir agus an fostaí.

Fostóir: An t-údarás bainistíochta nó an ghníomhaireacht bainistíochta cuí maidir leis an scoil. I gcás bunscoile, scoil iarbhunscoile dheonach agus scoil phobail nó scoil chuimsitheach, is é an Bord Bainistíochta an fostóir. I gcás scoil a fheidhmíonn faoi Choiste Gairmoideachais, is é an Coiste Gairmoideachais féin an fostóir. Dá bhrí sin, úsáidtear an leagan "an fostóir" sna nósanna imeachta seo ag tagairt don Bhord Bainistíochta agus / nó don Choiste Gairmoideachais de réir mar is cuí.

Tuismitheoir / Cúramóir: Úsáidtear an leagan "tuismitheoir / cúramóir" sna nósanna imeachta seo mar a úsáidtear in Tús Áite do Leanaí d'fhonn tagairt do thuismitheoir linbh nó do chúramóir linbh de réir mar is cuí. Tugtar san áireamh leis an sainmhíniú ar "tuismitheoir" san Acht Oideachais 1998 lena n-áirítear tuismitheoir altrama, caomhnóir arna cheapadh nó arna ceapadh faoi na hAchtanna um Chaomhnóireacht Leanaí, 1964 go 1997, nó duine eile a bheidh ag gníomhú *in loco parentis* agus a bhfuil leanbh faoina chúram nó faoina cúram faoi réir aon chumhachta reachtúla nó ordaithe cúirte agus, i gcás linbh a uchtaíodh faoi na hAchtanna Uchtála, 1952 go 1998, nó, i gcás gur uchtaíodh an leanbh lasmuigh den Stát, ciallaíonn sé an t-uchtaitheoir nó na huchtaitheoirí nó an t-uchtaitheoir marthanach”.

Scoil:	Ciallaíonn sin bunscoil nó scoil iarbhunscolaíochta aitheanta agus áirítear ann ionaid oideachais de réir mar a thugtar sainmhíniú ina leith san Acht Oideachais 1998 ar a ndéanann leanaí faoi 18 bliain d'aois freastal.
Údarás Scoile:	Tagraíonn sin don Bhord Bainistíochta agus/nó don Choiste Gairmoideachais, de réir mar is cuí.
Foireann Scoile:	Ciallaíonn an nath "foireann scoile" mar a úsáidtear i nathanna sna nósanna imeachta seo gach duine fásta a bhfuil baint acu le hobair na scoile. Tugtar fostaithe agus oibrithe deonacha san áireamh.

Caibidil 1: Réamhrá agus Creatchóras an Dlí

1.1 Réamhrá

1.1.1 Rinneadh na nósanna imeachta a luaitear sa cháipéis seo a dhréachtadh tar éis comhairle idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus eagraíochtaí a bhí ag déanamh ionadaíochta thar ceann lucht bainistíochta na scoileanna, tuismitheoirí agus múinteoirí, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Tá an nós imeachta seo bunaithe ar "Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2011" agus déantar dá réir sin iad a léamh in éineacht le "Tús Áite do Leanaí". Cloítear ó thaobh friotal na nósanna imeachta seo, a oiread agus is féidir, leis an bhfriotal a úsáidtear in "Tús Áite do Leanaí".

1.1.2 Tá dlite ar Bhoird Bainistíochta ar fad na nósanna imeachta seo a ghlacadh chucu féin go foirmeálta agus iad a chur i bhfeidhm mar chuid de pholasaí iomlán na scoile maidir le caomhnú leanaí. Ar mhaithe le leas agus caomhnú na leanaí, tá dlite ar údaráis na scoileanna agus lucht foirne na scoile cloí leis na treoirlínte seo i mbun plé le líomhaintí nó le hamhras faoi dhrochúsáid leanaí dóibh. Tá feidhm leis na nósanna imeachta seo i ndáil le bunscoileanna agus scoileanna iarbhunscoile araon agus tagann siad in ionad na dtreoirlínte roimhe seo a eisíodh sa bhliain 2001 agus sa bhliain 2004 faoi seach.

1.1.3 Is é an cuspóir atá leis na nósanna imeachta seo ábhar stiúrtha agus treorach a chur ar fáil d'údaráis scoileanna agus do lucht foirne scoileanna maidir le Tús Áite do Leanaí a chur i bhfeidhm agus iad ag déileáil le líomhaintí / amhras maidir le drochúsáid agus faillí ar leanaí. Chomh maith leis sin, féachtar le dóthain eolais a chur ar fáil d'údaráis scoileanna agus do lucht foirne scoileanna go mbeadh ar a gcumas bheith san airdeall agus bheith ar an eolas maidir leis an ní le déanamh sa chás go mbeadh ina ábhar buartha, amhrais nó líomhna go raibh drochúsáid nó faillí á imirt ar leanbh.

1.1.4 Is í an toisc is tábhachtaí atá le cur san áireamh i ngach cás leanaí a chaomhnú. I dtaca leis sin, leagtar béim sna nósanna imeachta seo ar thús áite a thabhairt do shábháilteacht agus d'fholláine an linbh. Má bhíonn ina ábhar imní ag daoine d'fhoireann scoile go bhféadfadh gur imríodh drochúsáid nó faillí ar leanbh a mbíonn caidreamh acu leo, nó go bhfuil drochúsáid nó faillí á n-imirt ar leanbh nó go bhfuil leanbh i mbaol drochúsáid nó faillí a imirt air, déanfar gan mhoill tuairisc a thabhairt ina leith sin do Sheirbhísí Sóisialta Leanaí agus Teaghlaigh in FSS. Déanfar sin de réir na nósanna imeachta tuairiscíochta a leagtar amach i gcaibidil 4.

1.1.5 Cé go mbaineann na nósanna imeachta sa cháipéis seo le Tús Áite do Leanaí a chur i bhfeidhm agus iad ag déileáil le líomhaintí / amhras maidir le drochúsáid agus faillí ar leanaí, tá dualgas ginearálta ar scoileanna freisin cúram a dhéanamh do leanaí lena chinntiú go mbeidh socruithe cuí

ar bun lena ndaltaí a chosaint ar gach dochar. Admhaítear freisin go bhfuil scoileanna suite go maith chun saincheisteanna níos leithne maidir le caomhnú linbh a aithint, saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ina ngnéithe tábhachtacha maidir le leas agus cosaint leanaí tríd is tríd, agus le drochúsáid agus faillí ar leanaí a chosc, má thugtar aghaidh cuí orthu go luath.

1.2 Na príomhghnéithe nua

Seo a leanas na príomhgnéithe nua de na nósanna imeachta leasaithe seo:

- Ní mór polasaí maidir le caomhnú leanaí a bheith ag gach scoil agus sin ag cloí le roinnt prionsabail bhuntábhachtacha áirithe den sárchleachtas maidir le caomhnú agus leas leanaí agus ní foláir do gach scoil glacadh go foirmiúil leis na 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile' mar chuid de pholasaí iomlán na scoile maidir le caomhnú leanaí agus é a chur i bhfeidhm gan leasú. Leagtar amach teimpléad do pholasaí maidir le caomhnú leanaí lena úsáid ag scoileanna chun na críocha sin in **Aguisín 1**.

- Ní mór an clár Bí Sábháilte a chur i bhfeidhm go hiomlán i ngach bunscoil.

- Socruithe maoirseachta feabhsaithe a leagtar amach d'fhonn cinntiú go dtugtar Tús Áite do Leanaí i bhfeidhm go seasta leanúnach ar fud earnáil na scoileanna. Tá siad sin tugtha isteach chun na socruithe maoirseachta feabhsaithe atá sna scoileanna faoi láthair a shoiléiriú agus bonn treise a chur fúthu.

  De ghrá na héascaíochta, tugtar achoimre anseo síos ar na príomh-riachtanais maoirseachta feabhsaithe atá á dtabhairt isteach leis an gcáipéis seo. Ba chóir, ina dhiaidh sin féin, gur i gcomhthéacs na cáipéise ar fad a bheadh aird ar na coinníollacha. Ba chóir a thabhairt faoi deara chomh maith nach liosta cuimsitheach seo de na socruithe maoirseachta sna scoileanna agus go leagtar na socruithe sin amach go mion sna codanna den cháipéis lena mbaineann siad.

  - Cuirfear cóip de pholasaí na scoile maidir le caomhnú leanaí, ina luaitear ainm an DIA agus ainm an Leas-DIA, ar fáil do gach duine d'fhoireann na scoile agus do Chumann na dTuismitheoirí agus ní mór é bheith ar fáil go héasca ag tuismitheoirí ach a iarraidh.

  - Ní mór ainm an DIA a bheith ar taispeáint in ionad feiceálach gar don phríomhbhealach isteach sa scoil.

  - Chomh maith leis an údarás scoile a chur ar an eolas faoi na cásanna ina dtugtar tuairisc a bhaineann le leanbh de chuid na scoile do FSS, cuirfidh an DIA an t-údarás scoile ar an

eolas freisin faoi chásanna inar iarr an DIA comhairle ar FSS agus, mar gheall ar an gcomhairle sin, nár cuireadh aon tuairisc ar aghaidh. Luafar líon na gcásanna sin i dtuairisc an Phríomhoide le gach cruinniú de chuid an Bhoird Bainistíochta agus coinneofar taifead mar gheall air sin i miontuairiscí chruinniú an bhoird.

- Ní mór do gach scoil, uair in aghaidh na scoilbhliana, tabhairt faoi athbhreithniú bliantúil ar an bpolasaí maidir le caomhnú leanaí agus a chur i bhfeidhm sa scoil. Tugtar liosta seiceála le húsáid le linn an athbhreithnithe sin in **Aguisín 2**. Ní mór don scoil plean gnímh a chur ar bun chun aghaidh a thabhairt ar réimse ar bith a d'fhéadaí a fheabhsú a d'aithneofaí faoin athbhreithniú. Socróidh an Bord Bainistíochta go gcuirtear in iúl d'fhoireann na scoile go ndearnadh an t-athbhreithniú. Cuirfear fógra i scríbhinn go ndearnadh an t-athbhreithniú ar fáil do Chumann na dTuismitheoirí (nó sa chás nach ann dá leithéid, do na tuismitheoirí go díreach). Cuirfear taifead maidir leis an athbhreithniú agus le toradh an athbhreithnithe ar fáil, má iarrtar sin, don phátrún agus don Roinn.

1.3 Polasaí maidir le caomhnú leanaí

1.3.1 Ní mór polasaí maidir le caomhnú leanaí a bheith ag gach scoil. Ní foláir é a bheith mar chuid de pholasaí na scoile glacadh, gan athrú gan leasú, leis na 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile' mar atá sa cháipéis seo. Ní mór ainm an DIA agus ainm an Leas-DIA a ainmniú i bpolasaí na scoile maidir le caomhnú leanaí.

1.3.2 Baineann cúrsaí maidir le caomhnú agus leas leanaí le gach gné de shaol na scoile agus ba cheart go mba léir sin ar pholasaithe na scoile, ar nósanna oibre na scoile agus ar ar bheartaíocht na scoile. Níor mhór dá bhrí sin é á lua i bpolasaí na scoile maidir le caomhnú leanaí go gcloífidh an scoile ina cuid polasaithe, nósanna oibre agus beartaíochta leis na prionsabail seo a leanas den sárchleachtas maidir le caomhnú leanaí agus leas leanaí:

Déanfaidh an scoil:

- glacadh leis go bhfuil fíorthábhacht le caomhnú leanaí agus leas leanaí, gan bheann ar aon cheist eile
- comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis chuí faoin reachtaíocht maidir le caomhnú leanaí agus cúrsaí leasa leanaí
- gnásanna sábháilte a ghlacadh chuici féin d'fhonn an dóigh go dtarlódh dochar nó tionóisc do leanbh a mhaolú oiread agus is féidir agus an lucht oibre a chosaint ó chall dul i mbaol nach gá a bhféadfadh gurb é toradh a bheadh air go gcuirfí drochúsáid nó faillí ina leith

- gnás ionracais a thabhairt chun cinn le tuismitheoirí agus iad a spreagadh a bheith rannpháirteach in oideachas a gcuid leanaí; agus
- meas iomlán a léiriú ar riachtanais rúndachta agus í ag déileáil le cúrsaí caomhnaithe leanaí.

1.3.3 Tabharfar liosta freisin sa pholasaí caomhnaithe leanaí de pholasaithe, cleachtais agus gníomhaíochtaí eile de chuid na scoile a bhaineann go sonrach le caomhnú leanaí. D'fhéadfadh an Cód Iompair/an Polasaí in aghaidh na Bulaíochta, an Straitéis Tinrimh Daltaí, Maoirseacht ar Dhaltaí, Gníomhaíochtaí Spóirt/Turais Scoile/Socrúcháin oibre daltaí in iarbhunscoileanna, etc, a bheith i gceist leis sin. Cuirtear teimpléad maidir le polasaí caomhnú leanaí lena úsáid ag scoileanna ar fáil in **Aguisín 1.**

1.3.4 Déanfaidh an Bord Bainistíochta glacadh go foirmeálta leis an bpolasaí maidir le caomhnú leanaí. Cuirfear cóip de pholasaí na scoile maidir le caomhnú leanaí ar fáil don Roinn agus don phátrún má iarrtar sin. Cuirfear an polasaí maidir le caomhnú leanaí ar fáil d'fhoireann na scoile agus do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó) agus beidh sé ar fáil go héasca ag tuismitheoirí ach a iarraidh.

1.4 Athbhreithniú de chuid an Bhoird Bainistíochta

1.4.1 Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú uair in aghaidh na scoilbhliana mar gheall ar pholasaí na scoile maidir le caomhnú linbh.

1.4.2 Mar chuid den athbhreithniú bliantúil ar pholasaí na scoile maidir le caomhnú leanaí, ní mór don Bhord Bainistíochta athbhreithniú faoi leith a dhéanamh ar chur i bhfeidhm 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile' sa scoil. Tugtar liosta seiceála in **Aguisín 2** a úsáidfear mar chabhair maidir leis an athbhreithniú bliantúil a dhéanamh. Níl i gceist gur liosta ollchuimsitheach an liosta seiceála. D'fhéadfadh gur mhian le Boird Bainistíochta faoi leith nithe eile a thabhairt san áireamh leis an liosta seiceála a meastar tábhacht faoi leith ag baint leo maidir lena scoil féin.

1.4.3 Cuirfidh an t-údarás scoile plean gníomhaíochta ar bun d'fhonn dul i ngleic le haon réimsí a meastar mar gheall ar an athbhreithniú go bhféadfaí feabhas a thabhairt i gcrích ina leith agus socrófar go dtéitear i ngleic leo sin chomh luath agus is féidir.

1.4.4 Socróidh an Bord Bainistíochta go gcuirtear in iúl d'fhoireann na scoile go ndearnadh an t-athbhreithniú. Cuirfear fógra i scríbhinn go ndearnadh an t-athbhreithniú ar fáil do Chumann na dTuismitheoirí (nó sa chás nach ann dá leithéid, do na tuismitheoirí go díreach). Bainfear úsáid as an bhfógra caighdeánach a thugtar mar chuid d'**Aguisín 2** chun na críche sin. Cuirfear taifead maidir leis an athbhreithniú agus le toradh an athbhreithnithe ar fáil, má iarrtar sin, don phátrún agus /nó don Roinn.

1.5 An soláthar sa churaclam agus drochúsáid leanaí a chosc

1.5.1 Tá de fhreagracht ar gach scoil cion oibre a dhéanamh maidir le drochúsáid agus

faillí ar leanaí a chosc tríd an soláthar sa churaclam. Sa chomhthéacs sin, tá Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) ina chuid éigeantach den churaclam do gach dalta bunscoile agus do na daltaí ar fad sa tsraith sóisearach i scoileanna iarbhunscolaíochta agus caithfear é a chur i bhfeidhm go hiomlán. Tá ceangailte ar na scoileanna iarbhunscolaíochta ar fad chomh maith clár maidir le hOideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) a bheith ar bun don tsraith shinsearach.

Cuireann gach modúl de na deich modúl sa chlár OSPS a chuirtear ar fáil don tSraith Shóisearach le sláinte agus folláine corportha, meabhrach agus mothúchán an ógánaigh. Baineann na modúil maidir le sábháilteacht phearsanta, sláinte mothúchán agus caidreamh agus gnéasacht go mór le hábhar maidir le leas agus caomhnú leanaí.

1.6 An Clár Bí Sábháilte

1.6.1 Tá ceangailte ar gach bunscoil an clár Bí Sábháilte a chur i bhfeidhm go hiomlán. Tá ról tábhachtach leis an gclár Bí Sábháilte sna bunscoileanna maidir le cúnamh a thabhairt do leanaí na scileanna sin a thabhairt chun cinn is gá chun cur ar a gcumas bearta drochúsáide nó cásanna ina bhféadfaí drochúsáid a thabhairt orthu a aithint agus cur ina gcoinne.

1.6.2 Cuirfear in iúl do scoileanna má tharlaíonn, san am atá romhainn, go n-aontaíonn an Roinn malairt an chláir Bí Sábháilte nó clár eile ina ionad.

1.7 Nósanna imeachta earcaíochta agus coinníollacha maidir le grinnfhiosrúchán de chuid an Gharda

1.7.1 Ní mór d'údaráis na scoileanna cinntiú go mbítear ag déanamh de réir chiorcláin na Roinne agus aon choinníollacha eile faoin dlí i ndáil le grinnfhiosrúchán de chuid an Gharda maidir le lucht foirne na scoile agus daoine eile a mbeadh nó a bhféadfadh go mbeadh a bheith istigh acu gan maoirseacht mar a mbíonn leanaí nó daoine fásta a bheadh i mbaol.

1.7.2 Má tá duine á thabhairt san áireamh maidir le fostaíocht nó ról eile sa scoil, tá nósanna imeachta cuimsitheacha trína seiceáiltear oiriúnacht an té sin d'obair le leanaí nó le daoine fásta a bheadh i mbaol ina ngné bhunriachtanach den bheartaíocht maidir le caomhnú leanaí.

1.7.3 Níor cheart go dtiocfadh bearta grinnfhiosrúcháin in ionad na ngnáthmodhanna earcaíochta, mar shampla teistiméireachtaí a iarradh agus a sheiceáil agus cinntiú go dtugtar cuntas sásúil maidir le haon bhearnaí sna taifid fostaíochta / curriculum vitae a dteastaíonn míniú ina leith. Tá nósanna imeachta dochta maidir le hearcaíocht ina ngné riachtanach den dea-chleachtas maidir le caomhnú leanaí. Baintear úsáid as grinnfhiosrúchán mar chuid de na nósanna imeachta sin. Ní mór d'údaráis na scoile cinntiú chomh maith go gcomhlíontar coinníollacha na Roinne maidir le dearbhú reachtúil i ndáil le caomhnú leanaí agus an fhoirm ghealltanais a ghabhann leis a chur ar fáil ag gach duine atá á cheapadh i bpost múinteoireachta nó i bpost nach post múinteoireachta é.

1.8 Oiliúint

Bítear ag brath maidir le caomhnú leanaí go héifeachtach ar scileanna, lón eolais agus meon an lucht foirne atá ag obair le leanaí agus le teaghlaigh, agus ar chomhoibriú idir gníomhaireachtaí agus taobh istigh de ghníomhaireachtaí. Is modh tábhachtach chun sin a thabhairt i gcrích oiliúint agus oideachas sna réimsí a bhaineann le hábhar. Is den riachtanas go gcinntíonn Boird Bainistíochta go bhfuil an t-eolas is gá ag gach duine d'fhoireann na scoile agus ag gach comhalta den Bhord Bainistíochta ar na nósanna imeachta seo a chuirfeadh ar a gcumas an fhreagracht a leagtar orthu ina leith a chomhlíonadh. Meastar go dtabharfar sin i gcrích trí chultúr tuisceana agus eolais maidir leis na nósanna imeachta seo a chothú i measc fhoireann uile na scoile agus, nuair is cuí sin, cinntiú go dtugtar faoi oiliúint sheachtrach.

1.9 Rúndacht[1]

1.9.1 Níor chóir aon fhaisnéis maidir le himní go mbeadh drochúsáid agus faillí á himirt ar leanbh a thabhairt ach amháin don té ar gá dóibh an t-eolas sin a bheith aige ar mhaithe leis an leanbh. Is í an tslat tomhais a chuirtear in úsáid baint nó ról dlisteanach ar bith a bheith ag an duine sin le déileáil leis an gceist. Níor cheart dearbhú maidir le rúndacht a thabhairt don tríú páirtí a chuireann eolas ar fáil.

1.9.2 Ní briseadh rúndachta é, áfach, faisnéis a thabhairt dóibh siúd ar gá dóibh an fhaisnéis sin a bheith acu chun leanbh ar féidir gur imríodh drochúsáid nó faillí air nó go bhfuil drochúsáid nó faillí á imirt air nó go bhfuil sé i mbaol drochúsáid a imirt air a chosaint.

1.9.3 Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ar bith (féach roinn 3.2 de na nósanna imeachta seo) atá ag cur tuairisc faoi bhráid FSS nó an Gharda Síochána, cuirfidh sé sin in iúl do thuismitheoir nó caomhnóir murar dócha gurb é an leanbh a chur i mbaol nó contúirt bhreise a tharraingt ar an leanbh a dhéanfaí leis sin a dhéanamh[2]. Coinneofar tuairisc ar an eolas a chuirtear in iúl don tuismitheoir nó don chaomhnóir ar taifead.

Sa chás go socraítear gan tuismitheoir nó caomhnóir a chur ar an eolas, déanfar an socrú sin maille leis na cúiseanna leis an socrú a thaifeadadh go gonta. Is é an DLP a dhéanfaidh agus a choimeádfaidh an taifead sin. Nuair atá cás linbh ina ábhar imní ag foireann na scoile ach nach bhfuiltear cinnte ar cheart tuairisc faoin scéal a thabhairt do FSS, iarrfaidh an Duine Ainmithe Idirchaidrimh comhairle ar Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS.

1.9.4 Ní ar fhoireann na scoile a thiteann de fhreagracht measúnú, imscrúdú ná fiosrúchán a dhéanamh mar gheall ar thuismitheoirí ná ar chaomhnóirí agus, i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé nach mba leas sin a dhéanamh. Is é cúram FSS measúnú agus fiosrúchán a dhéanamh sa chás go bhfuil

[1] Tús Áite do Leanaí - alt 3.9
[2] Tús Áite do Leanaí - alt 3.2.7

amhras faoi dhrochúsáid agus faillí agus socrú faoin mbeart is cóir a dhéanamh, an Garda Síochána a chur ar an eolas san áireamh.

1.9.5 I gcásanna éigeandála, nuair is cosúil leanbh a bheith i mbaol mór láithreach, agus sa chás nach féidir dul i gcumarsáid le FSS, tiocfar chun cainte leis an nGarda Síochána gan mhoill. Is féidir sin a dhéanamh ag Stáisiún Gardaí ar bith. Níor chóir ar chúis ar bith leanbh a fhágáil i gcás contúirte go dtí go dtarlódh idirghabháin an FSS.[3]

1.10 An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998 [4]

Is iad seo a leanas príomhfhorálacha an Achta um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998:

- Go mbeadh díolúine ó dhliteanas sibhialta ag aon duine a thugann tuairisc faoi dhrochúsáid linbh "go réasúnta agus le hintinn mhaith" d'oifigigh ainmnithe de chuid FSS nó do chomhalta ar bith den Gharda Síochána.

- Go gcuirtear cosaint shuntasach ar fáil d'fhostaithe a thugann tuairisc faoi dhrochúsáid linbh. Tagann gach fostaí faoi scáth na cosanta sin agus tugtar leithcheal de chineál ar bith i gceist, leithcheal chomh trom le briseadh as an bpost san áireamh.

- Go gcruthaítear cion nua maidir le tuairisc bhréige faoi dhrochúsáid linbh a thabhairt sa chás go dtugann duine tuairisc faoi dhrochúsáid linbh do na húdaráis chuí agus fios ag an té a thugann é go bhfuil an ráiteas bréagach. Is cion coiriúil sin agus sin á leagan síos d'fhonn daoine neamhchiontacha a chosaint ar thuairiscí mailíseacha.

1.11 Pribhléid Shrianta

1.11.1 Cé nach mbaineann an chosaint faoin dlí mar a leagtar amach in 1.10 thuas ach leis na tuairiscí sin amháin ar do na húdaráis chuí (i.e. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Garda Síochána) a thugtar iad, ní chuirtear aon athrú leis an reachtaíocht sin ar an gcás maidir le pribhléid shrianta faoin dlí coiteann agus leanann sin i bhfeidhm mar a bhí go dtí seo. Ar an ábhar sin, sa chás go gcuirfeadh comhalta de Bhord Bainistíochta nó duine d'fhoireann scoile eolas ar fáil maidir le hamhras faoi dhrochúsáid nó faillí ar linbh do Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe na scoile, nó d'údarás na scoile, mheasfaí faoin dlí coiteann go raibh pribhléid shrianta ag baint le cumarsáid den chineál sin.

1.11.2 Tagann pribhléid shrianta i gceist sa chás go bhfuil de dhualgas ar an té a dhéanann an chumarsáid sin a dhéanamh, nó de cheart aige nó de chúram air an leanbh a chaomhnú agus sa chás gur le duine a bhfuil a mhacasamhail de

[3] Tús Áite do Leanaí - alt 3.4.3
[4] An Roinn Sláinte agus Leanaí

dhualgas air nó de chúram air, nó de cheart aige, a dhéantar an chumarsáid. An té a thabharfadh an tuairisc, ag feidhmiú dó *in loco parentis*, bheifí ag súil go bhfeidhmeodh sé chun leasa an linbh agus mheasfaí gur dá réir sin a bhí an té a thabharfadh an tuairisc ag feidhmiú. Ní féidir pribhléid a chur de leataobh ach amháin sa chás gur féidir a léiriú gur go mailíseach a ghníomhaigh an té a thug an tuairisc.

1.11.3 Lena chois sin, an té a thugann tuairisc ar eolas a nochtann leanbh nó ar ábhar buartha maidir le hiompar nó leas linbh, ní mheastar go bhfuil an té sin ag déanamh líomhna mar ábhar cúisimh, ach ag comhlíonadh a chuid dualgaisí le hintinn mhaith. Ní hé go bhfuil rud á chur i leith dhuine ag an té sin ná cúis á tabhairt.

1.12 Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 & 2003 [5]

1.12.1 D'fhéadfadh tuairisc ar bith a dhéanfaí le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a theacht faoi réir fhorálacha na n-Achtanna um Shaoráil Faisnéise, a chuireann ar chumas bhaill den phobal teacht a bheith acu ar fhaisnéis phearsanta maidir leo féin atá i seilbh chomhlachtaí poiblí. Foráiltear faoi na Achtanna um Shaoráil Faisnéise freisin, ina dhiaidh sin féin, do chomhlachtaí poiblí diúltú ligean do dhaoine teacht a bheith acu ar fhaisnéis a fhaightear i modh rúin.[6]

1.12.2 I measc na gcásanna díolúine agus eisiaimh a bhaineann le hábhar maidir le leanaí a chaomhnú, tá siad seo a leanas:

(a) taifid a chaomhnú a thagann faoi scáth phribhéid ghairmiúil faoin dlí;
(b) taifid a chaomhnú a ndéanfaí éascaíocht lena nochtadh do chion a dhéanamh;
(c) taifid a chaomhnú sa chás go bhfoilseofaí lena nochtadh an fhoinse ónar tháinig faisnéis a tugadh i modh rúin.

1.13 Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003[7] [8]

1.13.1 Leagadh amach na hAchtanna um Chosaint Sonraí d'fhonn cearta an duine aonair maidir le sonraí pearsanta a chosaint. Tugtar de shainmhíniú ar shonraí pearsanta faoin dlí "sonraí a bhaineann le duine aonair beo is féidir a aithint ó na sonraí nó na sonraí i dteannta faisnéise eile atá i seilbh an rialaitheora sonraí". Leis an Acht um Chosaint Sonraí (Leasú) 2003, tugadh taifid ó lámh faoi scáth na reachtaíochta nuair nach raibh tagairt in Acht na bliana 1988 ach do chomhaid ríomhaireachta amháin.

1.13.2 Tugtar de cheart faoi na hAchtanna do gach duine aonair, gan bheann ar náisiúntacht ná áit chónaithe, a chruthú go bhfuil sonraí pearsanta ann, teacht a bheith aige ar aon sonraí den sórt sin a bhaineann leis an duine aonair, agus a thabhairt go ndéantar aon sonraí míchruinne a cheartú nó a scriosadh. Cuirtear de

[5] Oifig an Choimisinéara Faisnéise
[6] Alt 26 san Acht um Shaoráil Faisnéise 1997
[7] Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí
[8] Cuireadh fógra comhairle do scoileanna maidir leis na dualgais faoi na hAchtanna seo, maraon le leabhrán "Treoir do Rialaitheoirí Sonraí" chuig gach scoil i mí Lúnasa 2003.

cheangal ar rialaitheoirí sonraí cinntiú i ndáil leis na sonraí a bhíonn ar coimeád acu, go ndéantar iad a bhailiú go cóir, go mbíonn siad cruinn agus bord ar bhord leis an aimsir, gur chun críocha dleathacha a choimeádtar iad, agus nach ndéantar iad a úsáid ná a nochtadh ar aon bhealach nach mbeadh ag teacht leis na críocha sin. Leagtar de dhualgas chomh maith ar rialaitheoirí sonraí agus ar phróiseálaithe sonraí araon na sonraí atá ar coimeád acu a chosaint agus leagtar dualgas speisialta cúraim orthu i ndáil leis na daoine aonair a bhfuil sonraí mar gheall orthu ar coimeád acu.

Caibidil 2: Sainmhíniú ar Dhrochúsáid Linbh agus a Thabhairt faoi Deara[9]

2.1 Drochúsáid Linbh arna rangú ina Chatagóirí

2.1.1 Ba cheart do gach duine de lucht foirne scoile a bheith ar an eolas faoi chomharthaí agus faoi chineálacha iompair a bhféadfadh gur comharthaí iad ar dhrochúsáid a imirt ar leanbh. Is féidir drochúsáid linbh a rangú i gceithre chineál éagsúil: faillí, drochúsáid mothúchán, drochúsáid chorpartha agus drochúsáid gnéis. D'fhéadfadh go mbeadh níos mó ná cineál amháin drochúsáide á thabhairt ar leanbh tráth ar bith. (Tugtar sonraí níos mine faoi gach cineál den drochúsáid in Aguisín 1 le Tús Áite do Leanaí. Tugtar na mionsonraí sin chomh maith in **Aguisín 3** leis na nósanna imeachta seo.)

2.1.2 Faillí [10]

Is féidir sainmhíniú a thabhairt ar fhaillí i dtéarmaí neamhghnímh sa chás go bhfulaingíonn an leanbh díobháil nó bac forbartha suntasach trína fhágáil i ndíth bia, éadaigh, teasa, sláinteachais, spreagtha intleachtúil, maoirseachta agus sábháilteachta, muintearais agus ceana dhaoine fásta agus / nó chúram míochaine.

Is féidir drochíde nó bac ar shláinte nó ar fhorbairt linbh a thabhairt de shainmhíniú ar dhíobháil. Mheasfaí gur íde nó bac den suntas atá ann i ndáil le sláinte agus forbairt an linbh i gcomórtas leis an tsláinte agus an fhorbairt a bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis maidir le leanbh d'aois mar a chéile.

Go ginearálta, is le himeacht tréimhse aimsire seachas ag aon phointe amháin faoi leith a thugtar faillí faoi deara. Mar shampla, an leanbh a fhulaingíonn sraith gortuithe beaga, d'fhéadfadh nach bhfuil soláthar á dhéanamh dá chuid riachtanas maidir le cúrsaí maoirseachta agus sábháilteachta. D'fhéadfadh go bhfuil leanbh atá go mór faoin meán ó thaobh airde nó meáchan de á choinneáil i ndíth cothúcháin. D'fhéadfadh leanbh a bhíonn ar iarraidh ón scoil go seasta leanúnach á choinneáil i ndíth spreagtha intleachtúil. Bítear sa chás go bhfuil díobháil ar leibhéal suntasach má bhíonn oiread faillí á déanamh i riachtanais an linbh agus go mbíonn cur isteach géar ar fholláine agus / nó fhorbairt an linbh.

2.1.3 Drochúsáid Mothúchán [11]

Go hiondúil, is sa chaidreamh idir tuismitheoir / cúramóir agus an leanbh a thagtar trasna ar dhrochúsáid mothúchán seachas in aon eachtra nó sraith

[9] Tús Áite do Leanaí – caibidil 2
[10] Tús Áite do Leanaí – alt 2.2
[11] Tús Áite do Leanaí – alt 2.3

eachtraí faoi leith. Tarlaíonn sé nuair nach ndéantar soláthar do riachtanas forbarthach an pháiste i dtaca le cion, le formheas, le comhsheasmhacht agus le slándáil. Mura bhfuil cineálacha eile drochúsáide ar siúl, is annamh is léir an drochúsáid seo ó chomharthaí fisiciúla nó airí follasach eile. I measc samplaí den drochúsáid mothúchán ar pháistí, bheadh cásanna mar seo a leanas:

(a) saintréithe cáinteacha a chur i bhfeidhm ar leanbh, arna chur ina luí trí cháineadh, searbhas, naimhdeas nó milleán leanúnach;

(b) tuismitheoireacht choinníollach lena mbaineann athrú ar an leibhéal cúraim ag brath ar iompar nó bearta an linbh;

(c) gan tuismitheoir / cúramóir an linbh a bheith ar fáil ó thaobh leibhéal na mothúchán de;

(d) an tuismitheoir / cúramóir a bheith neamh-mhothálach agus / nó míréir nó mí-oiriúnacht maidir lena mbítear ag súil leis ón leanbh;

(e) freagracht a leagan ar an leanbh roimh am;

(f) súil go neamhréalaíoch le cumas tuisceana sa leanbh ar ábhar mí-oiriúnach nó le cumas é féin a iompar agus a smachtú ar bhealach áirithe;

(g) tearc-chosaint nó an róchosaint ar an leanbh;

(h) teip spéis a léirú nó teip deiseanna a oireann don aoisghrúpa a chur ar fáil maidir le forbairt chognaíochta agus mothúchán an linbh;

(i) modhanna araíonachta míréasúnacha nó ródhian a úsáid;

(j) foréigean teaghlaigh ina láthair.

(k) Ábhar míréir nó cáinteach a bheith ina láthair trí theicneolaíocht nua

D'fhéadfadh go léireofaí drochúsáid mothúchán maidir le feidhmiú iompair, cognaíochta, mothachtálach nó fisiciúil an linbh. I measc samplaí dá leithéid sin, d'áireofaí ceangal míshuaimhneach, easpa bisiúlachta neamhorgánach, míshonas, féinmheas lag, lag-ghnóthachtáil ó thaobh oideachais agus forbartha agus iompar freasúrach. Sáraítear an tairseach maidir le díobháil shuntasach nuair a bhíonn an lámh in uachtar ag bearta idirghabhála cáinteacha agus nuair is idirbheartaíocht den chineál sin an gnáthrud maidir leis an gcaidreamh idir an leanbh agus an tuismitheoir / cúramóir.

2.1.4 Drochúsáid Chorpartha [12]

Is ionann drochúsáid chorpartha ar leanbh agus dochar corpartha iarbhír nó ionchasach ó idirghabháil nó easpa idirghabhála atá faoi smacht go réasúnta ag tuismitheoir nó duine i seasamh freagrachta, cumhachta nó muiníne. D'fhéadfadh ócáid amháin nó níos mó a bheith i gceist. Áirítear ar chineálacha iompair a dtagann drochúsáid corpartha dá mbarr:

(a) dianphionós corpartha;

(b) bualadh, boiseog, buille nó cic a thabhairt;

(c) brú, croitheadh nó caitheamh;

(d) pinseáil, greim fiacla, tachtadh nó tarraingt gruaige;

(e) eagla a chruthú le bagairtí;

(f) foréigean a fheiceáil;

(g) an iomarca fórsa a úsáid i láimhseáil linbh;

(h) nimhiú d'aon ghnó;

(i) plúchadh;

(j) breoiteacht a chur i gcéill nó breoiteacht aslaithe **(féach Aguisín 3 le mionsonraí a fháil)**;

(k) ligean do bhaol suntasach go dtarlódh dochar mór don leanbh nó baol mar sin a chruthú.

2.1.5 Drochúsáid Gnéis[13]

Is drochúsáid gnéis atá ar bun nuair a bhaineann duine úsáid as leanbh do shásamh nó spreagadh fonn gnéis ann nó inti féin nó i nduine eile. Áirítear mar shamplaí de dhrochúsáid gnéis a thabhairt ar leanbh:

(a) na baill gnéis a nochtadh nó aon bheart gnéis a dhéanamh d'aon ghnó i láthair linbh;

(b) teagmháil nó ainteagmháil d'aon ghnó le colainn linbh cibé ag neach nó ní chun críche fonn gnéis a spreagadh nó a shásamh;

(c) glacaireacht i láthair linbh nó an leanbh a thabhairt páirteach i mbeartaíocht glacaireachta;

(d) comhriachtain gnéis leis an leanbh bíodh sin ina ghnéas béil,

[12] Tús Áite do Leanaí – alt 2.4
[13] Tús Áite do Leanaí – alt 2.5

faighne nó anais;

(e) áirítear gur dúshaothrú gnéis ar leanbh é, i measc nithe eile, an leanbh a bhrostú chun striapachas nó beart gnéis ar bith eile a iarraidh nó chun dul ina bhun, an leanbh a spreagadh chuige sin, sin a thairiscint do leanbh, a thabhairt ar leanbh sin a dhéanamh nó ligean do leanbh sin a dhéanamh. Is dúshaothrú gnéis atá ar bun chomh maith má bhíonn páirt ag leanbh i dtaispeáint, i mainicíneacht nó i nglacadh staidiúir maidir le fonn gnéis a spreagadh, maidir le dúil mar sin a shásámh nó le beart gnéis, lena n-áirítear sin a thaifeadadh (ar scannán, físteip nó meán eile) nó ionramhaíl, chun na críocha thuasluaite, a dhéanamh ar an íomhá le ríomhaire nó modh eile. D'fhéadfaí a thabhairt san áireamh chomh maith ábhar gáirsiúil a thaispeáint do leanbh mar is minic le lucht drochúsáide a dhéanamh mar chuid den phróiseas "grúmála" acu.

(f) eachtraí comhthoiliúla gnéis lena mbaineann duine fásta agus duine faoi aois. I ndáil le ceisteanna maidir le drochúsáid gnéis a thabhairt ar leanbh, ba cheart a thabhairt chun aire gur ionann, chun críche dlí na coiriúlachta, an aois toilithe maidir le comhriachtain gnéis agus 17 bliain i gcás buachaillí agus cailíní. Is é an Garda Síochána a phléifidh le gnéithe coiriúlachta an cháis faoin reachtaíocht a bhaineann le hábhar.

Ba cheart a thabhairt chun aire nach sainmhíniú faoin dlí atá sa sainmhíniú ar dhrochúsáid a thabhairt ar leanbh de réir mar a chuirtear sin i láthair san alt seo agus nach bhfuil i gceist gur cur síos atá ann ar an gcion coiriúlachta ar a dtugtar ionsaí gnéis.

2.1.6 I ngach cás ina dtagann scoil ar an eolas faoi chomhriachtain gnéis faoi aois, ba cheart don scoil na bearta cuí a dhéanamh chun tuismitheoirí an linbh a chur ar an eolas.

2.1.7 D'fhéadfadh cásanna toirchis faoi aois / gníomhaíocht gnéis faoi aois a bheith ina gcomharthaí ar dhrochúsáid a thabhairt ar leanbh. Má tá a leithéid sin ina ábhar buartha, ba cheart don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe sa scoil comhairle a iarraidh ar Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS mar a leagtar amach in alt 4.2.1 sna nósanna imeachta seo.

2.1.8 Sa chás go socraítear tuairisc faoin gcás a thabhairt do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS, déanfar sin de réir na nósanna imeachta tuairiscíochta a leagtar amach i gCaibidil 4 sna nósanna imeachta seo.

2.2 Comharthaí agus airíonna drochúsáide maidir le leanaí

Is minic go mbíonn sé deacair faillí nó drochúsáid a shonrú i gcás leanaí agus is iomaí bealach ina bhféadfadh sé a theacht chun follais. Leagtar amach liosta comharthaí maidir le drochúsáid a thabhairt ar leanbh in **Aguisín 3** leis na nósanna imeachta seo. Níor cheart a cheapadh gur cruthúnas aon chomhartha amháin ar bith gur tharla eachtra drochúsáide. D'fhéadfadh gur comhartha atá ann

ar nithe eile seachas drochúsáid a thabhairt ar an leanbh. Ní mór na comharthaí agus airíonna ar fad a scrúdú i gcomhthéacs iomlán chás an linbh agus chás an teaghlaigh.

2.3 Leanaí lena mbaineann soghontacht bhreise[14]

2.3.1 Tá leanaí áirithe níos mó i mbaol drochúsáide ná a chéile. Ina measc siúd bheadh leanaí faoi mhíchumas, leanaí atá gan dídean agus leanaí atá, ar chúis amháin nó cúis eile, scartha óna gcuid tuismitheoirí agus ó dhaoine muintearacha eile agus atá ag brath ar dhaoine eile maidir le haire agus caomhnú. Tagann na catagóirí céanna drochúsáide i gceist - faillí, drochúsáid mothúchán, drochúsáid chorpartha, drochúsáid gnéis - ach d'fhéadfadh gur ar bhealach eile a thiocfaidís chun cinn. Mar shampla, d'fhéadfadh gur trí chearta bunúsacha a shéanadh orthu, réimeas géar araíonachta nó úsáid mhíchóir as cógaisí nó as deiseanna srianta fisiciúla a thiocfadh an drochúsáid i gceist (féach chomh maith Caibidil 8 in Tús Áite do Leanaí).

2.3.2 Is le leanaí a bhaineann na treoirlínte agus na nósanna imeachta in Tús Áite do Leanaí agus sa cháipéis seo. Glactar leis go bhfuil scoileanna ann freisin a dhéanann freastal ar dhaltaí fásta lena mbaineann soghontacht bhreise. Sa chás go bhfuil duine buartha faoi dhalta fásta le soghontacht bhreise, ba cheart comhairle FSS a iarraidh, nó comhairle an Gharda Síochána más gá sin.

[14] Tús Áite do Leanaí – caibidil 8

Caibidil 3: An Fhreagracht a leagtar ar Lucht Foirne uile na Scoile

3.1 Ginearálta

3.1.1 Tá de dhualgas ar na scoileanna cúram ar an gcaighdeán is airde a dhéanamh de na leanaí ionas go dtugtar i mbarr a maitheasa iad agus go gcosnaítear iad ar gach dochar.

3.1.2 Bíonn lucht foirne scoile go háirithe san áit ar furasta athrú in iompar leanaí, easpa foráis iontu nó comharthaí follasacha gur imríodh drochíde orthu a thabhairt faoi deara. I gcásanna ina bhfuil duine d'fhoireann na scoile in amhras gur tugadh drochúsáid nó faillí ar leanbh, nó go bhfuil drochúsáid nó faillí á dtabhairt ar leanbh nó go bhfuil leanbh i mbaol drochúsáid nó faillí a imirt air, cinnteoidh an duine sin go dtugtar tuairisc ina leith sin de réir na nósanna imeachta a leagtar amach i gCaibidil 4 sa cháipéis seo.

3.2 An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe

3.2.1 Tá de fhreagracht ar gach Bord Bainistíochta duine sinsearach lánaimseartha den fhoireann a ainmniú ina Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) thar ceann na scoile.

Bítear ag súil go hiondúil gurb é an Príomhoide an DIA. Sa chás go gceapann Bord Bainistíochta DIA nach ionann agus an Príomhoide, ba chóir don údarás scoile socruithe a chur ar bun lena gcinntítear go gcoinníonn an DIA an Príomhoide ar an eolas de réir mar is cuí faoi chúrsaí a bhaineann le caomhnú leanaí.

Tá de fhreagracht ar an mBord Bainistíochta chomh maith duine eile den fhoireann (ar a dtugtar an Leas-DIA) a ainmniú chun cúraimí an DIA a dhéanamh sa chás nach mbíonn an DIA ar fáil ar chúis ar bith.

Cinnteoidh an Bord Bainistíochta go bhfuil socruithe ar bun ionas gur féidir leis an Leas-DIA na cúraimí a dhéanamh go héifeachtach an tráth a mbeadh an DIA as láthair agus trína gcinntítear go bhfuil an Leas-DIA in ann taifid a bhaineann le háireamh a aimsiú de réir mar is gá sin.

Luafar ainm an DIA agus ainm an Leas-DIA sa pholasaí maidir le caomhnú leanaí. Beidh ainm an DIA ar taispeáint in ionad feiceálach in aice leis an bpríomhbhealach isteach sa scoil.

3.2.2 Feidhmeoidh an DIA mar dhuine caidrimh le gníomhaireachtaí seachtracha agus mar fhoinse acmhainní ag aon duine den fhoireann nó aon oibrí deonach a bhfuil

ceist maidir le caomhnú leanaí ina ábhar buartha aige[15]. Cinnteoidh an DIA, mar fhoinse acmhainní, go bhfuiltear ar an eolas faoi cheisteanna a bhaineann le caomhnú leanaí agus go dtéitear faoin oiliúint a mheastar a bheith riachtanach chun fanacht ar an eolas faoi chora nua sa réimse sin.

Beidh an duine seo ar an duine idirchaidrimh ainmnithe ag an scoil maidir le déileáil le FSS, leis an nGarda Síochána agus le páirtithe eile, i ndáil le líomhaintí agus / nó ábhar buartha maidir le drochúsáid nó faillí ar leanaí. Cuirfear in iúl do na páirtithe eile sin gur tríd an DIA a dhéanfar gach beart caidrimh a bhaineann le próiseáil nó measúnú/fiosrúchán maidir le líomhain gur tharla drochíde a imirt ar leanbh.

3.2.3 Leagtar amach go mion in alt 4.2 sna nósanna imeachta seo na bearta atá le déanamh ag an DIA.

3.3 Tuairisc an Phríomhoide leis an mBord Bainistíochta

Maidir le tuairisc an Phríomhoide le gach cruinniú de chuid an Bhoird Bainistíochta:

(a) luafar líon na dtuairiscí a thug an DIA do FSS ón gcruinniú deireanach a bhí ag an mBord Bainistíochta agus

(b) luafar líon na gcásanna, ón gcruinniú deireanach a bhí ag an mBord Bainistíochta, inar iarr an DIA comhairle ó FSS agus inar tharla mar gheall ar an gcomhairle sin nár tugadh aon tuairisc, nó

(c) mura raibh cás ar bith de shórt (a) nó (b) thuas, luafar sin.

Coinneofar taifead ar an méid thuas i miontuairiscí chruinniú an Bhoird Bainistíochta.

Tabhair ar Aird: Ní luafaidh tuairisc an Phríomhoide ach an líon cásanna maidir le (a) agus (b) agus ní thabharfar aon sonraí eile maidir leis na cásanna sin.

3.4 Comharthaí drochúsáide a aithint

3.4.1 Tugtar liosta comharthaí ar dhrochúsáid a imirt ar leanbh, mar a leagtar amach in Aguisín 1 le Tús Áite do Leanaí in **Aguisín 3** leis na nósanna imeachta seo. Cuirfidh gach duine de lucht foirne na scoileanna iad féin ar an eolas faoi chomharthaí agus airíonna drochúsáide maidir le leanaí. Níor cheart aon chomhartha amháin ná aon airí amháin ar bith a mheas ina fhianaise chinntitheach ann féin, d'fhéadfadh gur comhartha ar ní eile a bheadh ann seachas ar dhrochúsáid a bheith á thabhairt ar leanbh. Is den tábhacht go léifeadh gach duine d'fhoireann na scoile **Aguisín 3** sna nósanna imeachta seo agus dul i gcomhairle leis an DIA sa chás go bhfuil ina ábhar buartha acu gur tugadh drochúsáid nó faillí ar leanbh, nó go bhfuil drochúsáid nó faillí á dtabhairt ar leanbh nó go bhfuil

[15] Tús Áite do Leanaí – alt 3.3.1 (i)

leanbh i mbaol drochúsáid nó faillí a imirt air. Cuirfidh an DIA Tús Áite do Leanaí ar fáil do lucht foirne na scoile. Tá cóip den cháipéis Tús Áite do Leanaí ar fáil freisin ar www.dcya.gov.ie.

3.4.2 Éilítear faoi na treoirlínte Tús Áite do Leanaí go gcuirtear Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS ar an eolas i ngach cás ina mbíonn duine in amhras go réasúnta, nó údar réasúnta ag duine lena bheith ina ábhar imní aige gur tugadh drochúsáid nó faillí ar leanbh, nó go bhfuil drochúsáid nó faillí á dtabhairt ar leanbh nó go bhfuil leanbh i mbaol drochúsáid nó faillí a imirt air. Ba chóir tacú le hábhair imní faoi chaomhnú linbh trí fhianaise a léiríonn an fhéidearthacht go bhfuil drochúsáid nó faillí ar siúl[16].

3.4.3 Is féidir achoimre a dhéanamh ar na treoirphrionsabail maidir le tuairisc a thabhairt ar dhrochúsáid nó faillí ar leanaí mar seo a leanas:

(a) caithfear tús-áite a thabhairt do shábháilteacht agus folláine an linbh:
(b) ba chóir tuairiscí a dhéanamh gan mhoill chuig Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS.

3.4.4 Caithfear freagra a thabhairt ar aon ábhar imní nó amhras réasúnach maidir le drochúsáid nó faillí. Má thugtar neamhaird ar chomharthaí nó mura ndéantar idirghabháil d'fhéadfadh go leanfaí le dochar don leanbh nó go dtarlódh níos mó. Tá treoirlínte in Alt 2.6 de Tús Áite do Leanaí maidir le faillí agus drochúsáid ar leanaí a aithint.

3.4.5 Thug Alt 176 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 cúiseamh coiriúil isteach maidir le leanaí a chur i mbaol go meargánta.[17] Deir sé:

'Aon duine ag a bhfuil údarás nó smacht ar leanbh nó ar dhroch-úsáideoir agus a chuireann leanbh i mbaol go hintinneach nó go meargánta–

(a) trína chur faoi deara, nó trína ceadú, aon duine a chur nó a fhágáil i riocht lena gcruthaítear baol substaintiúil don leanbh go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith ina íospartach nó ina híospartach díobhála tromchúisí nó droch-úsáide gnéasaí, nó
(b) trí mhainneachtain bearta réasúnacha a dhéanamh chun leanbh a chosaint ar bhaol den sórt sin agus a fhios aige nó aici go bhfuil leanbh i riocht den sórt sin,

tá sé nó sí ciontach i gcion.'

Fíneáil (gan teorainn uasta) an pionós a ghearrfar ar dhuine a fhaightear ciontach as an gcion sin agus/nó priosúnacht ar feadh téarma nach mó ná 10 mbliana.

[16] Tús Áite do Leanaí – **alt 3.2.3**
[17] Tús Áite do Leanaí – alt 3.2.7

3.5 Déileáil le cásanna ina ligean leanaí scéal amach

3.5.1 Is é is dóichí go mbeadh leanbh ar tugadh drochúsáid air faoi strus géar mothúchán agus tharlódh gur duine den fhoireann an t-aon duine fásta a mbeadh an leanbh sásta iontaoibh a chur ann. Déanfar cúram faoi leith gan dochar de chineál ar bith a dhéanamh don iontaoibh sin.

3.5.2 Nuair a chuirtear faisnéis ar fáil faoi rún, ní mór don bhall foirne bheith tuisceanach mothálach sa chaoi a nglactar leis an scéal a ligtear leis. Beidh ar an mball foirne an leanbh a chur ar a shuaimhneas agus féachaint leis an trust eatarthu a chaomhnú le linn a mhíniú don pháiste go mbeidh gá beart a dhéanamh agus go gcaithfear chuige sin tuilleadh daoine fásta a chur ar an eolas. Is den tábhacht go n-insítear don leanbh go ndéanfar gach ní is féidir chun a chosaint agus cúnamh a thabhairt dó agus nach dtugtar aon gheallúint nach féidir maith a dhéanamh de e.g. gealladh gan an scéal a insint d'aon duine eile.

3.5.3 Tá sé tábhachtach déileáil le haon líomhain maidir le drochúsáid nó faillí go tuisceanach agus go cumasach trí aird a thabhairt ar an leanbh agus déanamh ar bhealach a ligeann don leanbh insint faoin deacracht, seachas agallamh a chur ar an leanbh faoi ghnéithe éagsúla dár thit amach.

Cé gur gá an bunús atá leis an ábhar buartha a shocrú chomh mór agus is féidir sin, cuirtear an méid seo a leanas de chomhairle ar dhuine ar bith d'fhoireann na scoile a ligeann leanbh scéal faoi dhrochúsáid leis.

(a) Is den tábhacht go bhfanfaí socair réidh agus nach léireofaí aon mhothúchán róghéar i ndáil lena bhfuil á rá ag an leanbh. Éistear go báúil agus tugtar aird dáiríre ar n-abraíonn an leanbh;

(b) Ba cheart a thuiscint go bhfuil socraithe ag an leanbh insint faoi rud a bhfuil an-tábhacht leis agus go bhfuil an leanbh ag dul sa seans agus sin a dhéanamh. Ba cheart go mbraithfeadh an leanbh gur fearr dó/di é an scéal a bheith inste ionas nach miste leis an leanbh labhairt leo sin a bheidh ag plé leis an gcás;

(c) Ba cheart go dtuigfeadh an leanbh nach féidir aon chuid den eolas a choinneáil ina rún;

(d) Níor cheart aon ní a rá a mbainfeadh breithiúnas leis faoin té ar ina leith atá an líomhain á déanamh;

(e) Níor cheart ceisteanna a chur ar an leanbh mura bhfuil doiléire ag baint lena bhfuil á rá. Ba cheart ceisteanna a sheachaint a mbeadh treoir maidir le freagra iontu. Ceisteanna fairsinge oscailte is ceart a úsáid, mar shampla "An bhféadfá a mhíniú dom cad atá i gceist agat leis sin?";

(f) Ba cheart go dtabharfaí le tuiscint don leanbh cad é an chéad rud eile a tharlóidh, mar shampla, an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe,

tuismitheoirí / cúramóirí, FSS nó i gcásanna áirithe an Garda Síochána a chur ar an eolas. Ba chóir a choinneáil i gcuimhne go dtarlódh go ndearnadh bagairt ar an leanbh agus go bhféadfadh go n-airíonn an leanbh an tráth seo go bhfuil sé i mbaol;

(g) Déantar taifead ar an gcuntas a bhreacadh síos chomh luath agus is féidir tar éis na hinsinte agus focail an linbh féin in úsáid chomh mór agus is féidir sin.

Is é atá de dhualgas ar an té a n-insítear eolas den sórt seo dó tuairisc a thabhairt don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe mar a leagtar amach i gCaibidil 4 sna nósanna imeachta seo. Ní mór a choinneáil i gcuimhne i gcónaí gur ról cúl taca atá ag foireann na scoile agus nach ról imscrúdúcháin.

3.6 Taifid agus a gCoimeád

3.6.1 Nuair a bhíonn amhras gur tugadh drochúsáid nó faillí ar leanbh, is den riachtanas go mbeadh taifead i scríbhinn ar fáil ar an bhfaisnéis ar fad a thugtar. Cuirfidh daoine d'fhoireann na scoile cuntas cruinn ar fáil ar a bhfuil tugtha faoi deara acu agus ar an uair a thug siad faoi deara é. Déanfar cur síos mion ar chomharthaí gur tharla gortú corpartha agus, más cuí sin, sceitseáil léirithe. Déanfar cuntas a choinneáil ar chaint ar bith a dhéanann an leanbh atá i gceist, nó a dhéanann aon duine eile, faoin mbealach inar tharla gortú agus is fearr na focail díreach a dúradh a thabhairt agus an cuntas a bhreacadh síos chomh luath agus is féidir tar éis na cainte. Déanfar an cuntas ar an gcomhrá a shíniú, dáta a chur leis agus é a thabhairt don DIA a choinneoidh i dtaisce é.

3.6.2 Meastar gach taifead a chruthaítear a bheith thar a bheith rúnda agus cuirfidh an DIA in ionad slán sábháilte iad. (Déantar tagairt d'alt 1.13 sna nósanna imeachta seo maidir leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí).

3.6.3 D'fhéadfadh go n-iarrfadh FSS ar dhaoine d'fhoireann scoile tráth is faide anonn freastal ar chomhdháil maidir le caomhnú linbh. Tá breis eolais faoi chomhdhálacha maidir le caomhnú linbh le fáil in alt 5.8 in Tús Áite do Leanaí agus in alt 4.5 sna nósanna imeachta seo a leanas.

Caibidil 4: Tuairisc a thabhairt ar Ábhar Imní agus Ról Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

4.1 An beart atá le déanamh ag foireann na scoile

Sa chás go ndéantar líomhain le duine den fhoireann nó go mbíonn duine den fhoireann in amhras gur tugadh drochúsáid nó faillí ar leanbh, nó go bhfuil drochúsáid nó faillí á dtabhairt ar leanbh, nó go bhfuil leanbh i mbaol drochúsáid nó faillí a thabhairt air, déanfaidh an fostaí sin de chuid na scoile, gan mhoill, tuairisc ar an gcás a thabhairt don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe sa scoil. Déanfaidh an DIA taifead scríofa ar an tuairisc a chruthú agus a chur in áit shábháilte. Coinneofar i gcuimhne an gá atá le rúndacht i gcónaí, mar a luaitear thuas in alt 1.9 sna nósanna imeachta seo. Leanfear le tacaíochtaí na scoile a chur ar fáil don leanbh.

Sa chás go mbaineann an líomhain nó an t-ábhar imní leis an DIA, déanfaidh an fostaí sin, gan mhoill, tuairisc ar an gcás a thabhairt do Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta nó, i scoileanna ina bhfuil an VEC ina fhostóir, do Phríomhfheidhmeannach an VEC i gceist. I gcásanna den sórt sin, glacfaidh an Cathaoirleach nó an Príomhfheidhmeannach, de réir mar is cuí, orthu féin an ról a ghlacann an DIA air/uirthi féin de ghnáth, agus leanfar na nósanna imeachta arna leagan amach i gcuid 4.2 thíos maidir le déileáil leis an líomhain nó ábhar imní. Chomh maith leis sin, leanfar na nósanna imeachta i gCaibidil 5.

4.2 An beart atá le déanamh ag an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe

4.2.1 Sa chás go bhfuil ábhar buartha ann faoi leanbh, ach nach bhfuil an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe cinnte ar cheart tuairisc faoin gcás a thabhairt do FSS, iarrfaidh an DIA comhairle Sheirbhís Leanaí agus Teaghlaigh FSS. I mbun comhairliúcháin le FSS, beidh an DIA lán soiléir gur ag iarraidh comhairle atáthar agus nach bhfuil tuairisc á tabhairt. Ní gá don DIA sonraí lena n-aithneofaí an leanbh a thabhairt ag an tráth neamhfhoirmeálta seo.

Sa chás gurb é comhairle FSS nach ceart tuairisc a thabhairt, déanfaidh an DIA a luaithe is féidir an Bord Bainistíochta a chur ar eolas faoi seo. D'fhonn go mbeadh an leanbh anaithnid, níor cheart aon sonraí faoin gcás a ligean leis an mBord Bainistíochta mura bhfuil nithe i gceist nach mór don Bhord Bainistíochta plé leo go díreach.

Sa chás gurb é comhairle FSS gur cheart tuairisc a thabhairt, déanfaidh an DIA de réir na comhairle sin. Déanfaidh an DIA i ngach cás taifead a choimeád faoin gcomhairliúchán le FSS, lena mbeidh tuairisc ar an dáta, ainm an oifigigh de chuid FSS agus an chomhairle a tugadh.

4.2.2 Sa chás go bhfuil an DIA sásta go bhfuil bunús réasúnta leis an ábhar amhrais nó leis an líomhain (féach alt 3.4.2 sna nósanna imeachta seo) tabharfar an tuairisc sin do FSS gan mhoill.

D'fhéadfadh go mb'fhiú a thabhairt faoi deara:[18]

(a) Tabharfar tuairisc do FSS go pearsanta, ar an fón nó i scríbhinn. Bíonn oibrí sóisialta ar dualgas i ngach limistéar de chuid FSS ar feadh líon áirithe uaireanta a chloig gach lá. Bíonn Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS ar fáil chun bualadh le duine ar mian leis tuairisc a thabhairt faoi ábhar buartha maidir le cosaint linbh nó chun labhairt ar an fón.

(b) Is iondúil gurb é is fearr má thagann duine ar mian leis tuairisc a thabhairt ar ábhar buartha maidir le cosaint linbh i láthair go pearsanta ag Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS. Is ar an gcaoi sin is furasta don oibrí sóisialta ar dualgas oiread eolais agus is féidir a bhailiú faoin leanbh agus faoi thuismitheoirí / cúramóirí an linbh.

(c) I gcás éigeandála, nó sa chás nach bhfuil duine d'fhoireann FSS ar fáil, tugtar an tuairisc don Gharda Síochána. Is féidir sin a dhéanamh ag stáisiún ar bith de chuid an Gharda.

Moltar go mbeadh oiread agus is féidir den eolas a lorgaítear san Fhoirm Thuairiscíochta Chaighdeánach, mar a leagtar amach in alt 3.5 in Tús Áite do Leanaí – 'Eolas a theastaíonn sa tuairisc'. Maidir le gach tuairisc, cibé an dtugtar an tuairisc go pearsanta, ar an bhfón nó i scríbhinn an chéaduair do FSS nó don Gharda Síochána, déanfar an Fhoirm Thuairiscíochta Chaighdeánach, atá ar fáil in **Aguisín 4** leis na nósanna imeachta seo freisin, a líonadh isteach agus a chur ar aghaidh chuig FSS chomh luath agus is féidir ina dhiaidh sin.

Cé go dtarlódh nach mbeadh an t-eolas ar fad a iarrtar ar fáil don té a thugann tuairisc, déanfar na foirmeacha a líonadh isteach chomh mór agus chomh maith agus is féidir. Cuirtear in iúl don Bhord Bainistíochta nuair a bhíonn tuairisc dá leithéid á tabhairt do FSS. Ba chóir don DIA (féach alt 3.2 sna nósanna imeachta seo) atá ag cur tuairisc faoi bhráid FSS nó an Gharda Síochána sin a chur in iúl freisin do thuismitheoir / cúramóir murar dócha gurbh ionann déanamh amhlaidh agus an leanbh a chur i gcontúirt nó a chur i mbaol breise[19]. Coinneofar taifead ar an eolas a chuirtear in iúl don tuismitheoir / cúramóir. Coinneofar taifead achomair ar shocrú nach gcuirfear in iúl do thuismitheoir / cúramóir go bhfuil tuairisc á tabhairt maraon le taifead ar na cúiseanna leis an socrú sin.

4.2.3 Déanfaidh an DIA gan mhoill, a luaithe is féidir ina dhiaidh sin, a chur in iúl don Bhord Bainistíochta go bhfuil tuairisc a bhaineann le leanbh de chuid na scoile curtha faoi bhráid FSS. D'fhonn go mbeadh an leanbh anaithnid, níor cheart aon sonraí faoin gcás a ligean leis an mBord Bainistíochta mura bhfuil nithe i gceist

[18] Tús Áite do Leanaí – alt 3.4
[19] Tús Áite do Leanaí – alt 3.2

nach mór don Bhord Bainistíochta plé leo go díreach.

4.2.4 Sa chás gurb é comhairle FSS nach ceart tuairisc a thabhairt, déanfaidh an DIA ina dhiadh sin féin an Bord Bainistíochta a chur ar eolas faoi seo. Ina leithéid sin de chás chomh maith, d'fhonn go mbeadh an leanbh anaithnid, níor cheart aon sonraí faoin gcás a ligean leis an mBord Bainistíochta mura bhfuil nithe i gceist nach mór don Bhord Bainistíochta plé leo go díreach.

4.2.5 Níor chóir aon eolas nó mionsonraí a d'fhéadfadh leanbh a aithint a thaifeadadh i miontuairiscí chruinnithe an Bhoird Bainistíochta.

4.2.6 Má shocraíonn an DIA nár chóir ábhar imní dhuine d'fhoireann na scoile a chur faoi bhráid FSS, tabharfar ráiteas soiléir i scríbhinn don duine sin den fhoireann mar gheall ar na cúiseanna nach bhfuil beart á dhéanamh.

Ba cheart a chur in iúl don té sin den fhoireann chomh maith go bhfuil lánchead, sa chás go bhfuil an scéal ina ábhar buartha i gcónaí, dul i gcomhairle le FSS nó tuairisc a thabhairt do FSS (alt 3.8.1 in Tús Áite do Leanaí). Ba cheart sa chás sin úsáid a bhaint as an bhFoirm Tuairiscíochta Caighdeánach a thugtar in **Aguisín 4** leis na nósanna imeachta seo. (Déantar tagairt d'alt 1.10 sa cháipéis seo maidir leis an Acht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Mí-úsáid Páistí, 1998.)

Is den riachtanas go gcoinneofaí an cás ina rún daingean i gcónaí agus nach ndéanfaí a phlé ach amháin idir na páirtithe a luaitear thuas.

4.2.7 Sa chás go n-aistríonn leanbh nó go bhfágann leanbh an scoil (aistriú ó bhunscoil go dtí scoil iarbhunscolaíochta san áireamh) agus fios ag an DIA gur tharla tuairisc maidir le caomhnú linbh le FSS roimhe sin, ba chóir don DIA FSS a chur ar an eolas faoi aistriú / athrú an linbh sin.

4.2.8 Tugtar liosta sonraí comhfhreagrais maidir le Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS in Aguisín 2 le Tús Áite do Leanaí agus in **Aguisín 5** leis na nósanna imeachta seo chomh maith.

4.3 Tuairisc an Phríomhoide leis an mBord Bainistíochta

Maidir le tuairisc an Phríomhoide le gach cruinniú de chuid an Bhoird Bainistíochta:

(b) luafar líon na dtuairiscí a thug an DIA do FSS ón gcruinniú deireanach a bhí ag an mBord Bainistíochta agus

(b) luafar líon na gcásanna, ón gcruinniú deireanach a bhí ag an mBord Bainistíochta, inar iarr an DIA comhairle ó FSS agus inar tharla mar gheall ar an gcomhairle sin nár tugadh aon tuairisc, nó

(c) mura raibh cás ar bith de shórt (a) nó (b) thuas, luafar sin.

Coinneofar taifead ar an méid thuas i miontuairiscí chruinniú an Bhoird Bainistíochta.

Tabhair ar Aird: Ní luafaidh tuairisc an Phríomhoide ach an líon cásanna maidir le (a) agus (b) agus ní thabharfar aon sonraí eile maidir leis na cásanna sin.

4.4 Ról Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte

4.4.1 Ag eascairt ón Acht um Chúram Leanaí, 1991, leagtar dualgaisí áirithe ar FSS maidir le caomhnú agus leas leanaí:

(a) ní mór FSS a bheith ullamh chun faisnéis a fháil ó fhoinse ar bith maidir le leanbh a mb'fhéidir nach bhfuil dóthain de chúram ná de chosaint á fháil aige;

(b) ar fhaisnéis den sórt sin a fháil, ní mór do FSS féachaint lena dheimhniú cibé an bhfuil nó nach bhfuil an leanbh atá i gceist ag fáil a dhóthain de chúram agus de chosaint. Chun na críche sin, ní mór do FSS comhordú a dhéanamh ar fhaisnéis ó gach foinse a bhaineann le hábhar agus measúnú a dhéanamh ar an gcás;

(c) ar a shonrú nach bhfuil a dhóthain de chúram agus de chosaint á fháil ag leanbh, tá leagtha de dhualgas ar FSS beart cuí a dhéanamh chun leas an linbh a chur chun cinn.

4.4.2 Tá Bainisteoir Cúraim Leanaí / a chomhionann de dhuine ainmnithe i ngach ceantar Oifige Áitiúla Sláinte de chuid FSS ar a bhfuil de chúram comhordú a dhéanamh ar sheirbhísí maidir le caomhnú leanaí. Tá de fhreagracht ar an lucht foirne seo:

(a) glacadh le gach fógra maidir le drochúsáid a thabhairt ar leanbh;

(b) cinneadh a dhéanamh i ndáil le comhdháil maidir le caomhnú linbh a thionól;

(c) comhoibriú idirghníomhaireachta maidir le leas agus caomhnú linbh a chinntiú;

(d) comhoibriú idir lucht gairmeacha éagsúla agus idir cláir éagsúla maidir le leas agus caomhnú linbh a chinntiú;

(e) maoirseacht a dhéanamh maidir le cláir oiliúna lucht na foirne;

(f) idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le comhaontuithe seirbhíse le soláthraithe seirbhíse deonacha.

Ó thugtar tuairisc do FSS ar amhras faoi dhrochúsáid nó faillí a thabhairt ar leanbh, is faoin FSS socrú ar an mbeart, más beart ar bith é, is gá a dhéanamh mar gheall ar an tuairisc sin. D'fhéadfadh go mbeadh gá ag an oibrí sóisialta atá ag plé leis an gcás le soiléiriú breise a iarraidh ón té a chuir an t-ábhar buartha in iúl an chéad uair. I gcásanna áirithe, is é beart a dhéanfaidh FSS comhdháil maidir le caomhnú linbh a thionól.

4.5 Comhdháil maidir le Caomhnú Linbh

4.5.1 Is deismireacht riachtanach an chomhdháil maidir le caomhnú linbh do FSS i mbun na seirbhísí caomhnúcháin linbh faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991 a chur i gcrích go héifeachtach. Is cruinniú atá ann is féidir leis an duine de phearsa ainmnithe an FSS a thionól agus d'fhéadfadh go mbeadh páirt ann ag an leanbh agus muintir an linbh agus na gníomhaireachtaí ar fad agus an lucht gairme ar fad a bhíonn ag plé leo. Is fóram atá ann ar mhaithe le comhordú ar an bhfaisnéis ar fad ó na foinsí go léir a bhaineann le hábhar, daoine d'fhoireann na scoile san áireamh nuair is gá sin. Bíonn tábhacht lárnach leis an gcomhdháil maidir le caomhnú linbh ó thaobh lón comhairle a chur chun cinn agus pléanáil a dhéanamh i dtaca le leas agus caomhnú an linbh a d'fhéadfadh a bheith i mbaol tromchúiseach.

4.5.2 Is iad na príomhbhearta oibre ag comhdháil maidir le caomhnú linbh:[20]

(a) soirbhiú do mhalartú faisnéise idir lucht gairme agus tuismitheoirí / lucht cúraim agus don fhaisnéis a mheas;

(b) plean caomhnaithe leanaí a leagan amach;

(c) bearta oibre a shonrú le tabhairt i gcrích mar chuid de, nó ar feitheamh caomhnaithe leanaí;

(d) an tseirbhís chuí leis na bearta oibre a chur i gcrích a shonrú;

(e) príomhoibrí a cheapadh d'fhonn an plean caomhnaithe leanaí a chomhordú.

4.5.3 Ba cheart gur leis an DIA a dhéanfaí iarratas ó FSS go dtiocfadh duine d'fhoireann na scoile i láthair ag comhdháil maidir le caomhnú linbh agus ba chóir go dtiocfadh an DIA i gcomhairle leis an údarás scoile. Is féidir leis an t-údarás scoile, tríd an DIA, iarraidh ar na húdaráis chuí soiléiriú a thabhairt ar an gcúis go meastar gur gá an fostaí de chuid na scoile a bheith i láthair ag an gcomhdháil maidir le caomhnú linbh agus fiafraí cé na daoine eile a bheidh i láthair.

Glanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna costas oide ionadaíochta, nuair is gá sin, i ndáil le múinteoirí a dhéanann freastal ar chomhdháil maidir le caomhnú linbh le linn uaireanta scoile. Ba chóir litir, arna síniú ag an oifigeach cuí de chuid FSS, ina ndearbhaítear go raibh an múinteoir i láthair ag an gcomhdháil

[20] Tús Áite do Leanaí – alt 5.8 agus 5.9

maidir le caomhnú linbh, a thabhairt don Phríomhoide agus a choimeád sa scoil. Ba chóir an tsaoire a thaifead i ndáil leis an múinteoir agus, i gcásanna cuí, éileamh maidir le múinteoir ionadaíochta a phróiseáil tríd an gCóras Éileamh Ar Líne (CÉAL), nó i gcás scoile VEC, trína gnáth-nósanna imeachta chun déileáil le héilimh den sórt sin.

4.5.4 Ba é an gnáthrud go gcuirfeadh an té a fhreastalaíonn ar chomhdháil maidir le caomhnú linbh tuairisc faoi bhráid na comhdhála. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhféadfadh go gcuirtear foirmeacha nó teimpléaddo thuairisc den sórt sin ar fáil i limistéir riaracháin faoi leith de chuid FSS.

4.5.5 Ag teacht leis an bprionsabal maidir le páirt tuismitheoirí sa bheartaíocht, atá mar bhonn treise faoi Tús Áite do Leanaí, d'iarrfaí ar thuismitheoirí / cúramóirí linbh páirt a ghlacadh i gcomhdháil maidir le caomhnú linbh de réir mar is cuí. Chuirfí in iúl do lucht gairme i ngach cás dá mbeadh leanaí agus / nó tuismitheoirí / cúramóirí le bheith i láthair ag comhdháil maidir le caomhnú linbh. Dá réir sin, aon duine d'fhoireann scoile a dtugtar cuireadh dó / di páirt a ghlacadh i gcomhdháil maidir le caomhnú linbh agus a mbeadh páirt tuismitheora / cúramóra sa chomhdháil ina ábhar buartha aige / aici, ba chóir dó / di dul i gcaidreamh roimh ré le cathaoirleach na comhdhála maidir le caomhnú linbh maidir le comhairle ina leith sin.

4.5.6 Pleanáil don am atá roimh an leanbh agus an teaghlach is ábhar do mholtaí ón gcomhdháil maidir le caomhnú linbh. D'fhéadfadh sé go molfadh an chomhdháil go gcuirfeadh gníomhaireachtaí faoi leith acmhainní agus seirbhísí ar fáil don teaghlach. Tharlódh go n-iarrfaí ar rannpháirtithe gealltanas a thabhairt maidir le bearta a aontaíonn siad a dhéanamh. D'fhéadfadh go mbeadh ar cheann de na moltaí go lorgódh FSS comhairle dlíodóra mar gheall ar iarratas ar Ordú Cúirte maidir le caomhnú an linbh.

4.5.7 D'fhéadfadh go n-iarrfaí ar an scoil monatóireacht a dhéanamh ar iompar an linbh ar bhealach atá ag teacht leis an dualgas a leagtar ar an scoil cúram a dhéanamh do na leanaí ar fad. D'fhéadfadh go mbeadh súil a choinneáil ar iompar an linbh, an caidreamh le comhaoisigh an linbh, an dul chun cinn ar scoil nó comhrá neamhfhoirmeálta mar chuid de sin.

4.6 Ról agus freagrachtaí An Gharda Síochána[21]

Is ón bpríomh-fhreagracht atá air an pobal a chaomhnú agus ceartas a chur i bhfeidhm ar chiontóirí a eascraíonn baint a bheith ag An nGarda Síochána i gcásanna ina ndéantar líomhaintí maidir le drochúsáid agus faillí ar leanaí. Sa chás go bhfuiltear in amhras go ndearnadh cion, tá freagracht foriomlán ar An nGarda Síochána as aon imscrúdú coiriúil a stiúradh. Is feidhm de chuid An Gharda Síochána é agallaimh a chur agus glacadh le ráitis a bheidh mar chuid den chomhad an imscrúdaithe coiriúil. Is é ról An Gharda Síochána imscrúdú a dhéanamh agus is é freagracht an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP) cinneadh a dhéanamh maidir le hionchúiseamh, agus é a chur i bhfeidhm.

[21] Tús Áite do Leanaí – Alt 4.5

Cuireann Lár-Aonad Seiceála an Gharda Síochána (GCVU) seiceáil ar fáil thar ceann eagraíochtaí a fhostaíonn daoine le bheith ag obair le leanaí agus/nó le daoine fásta leochaileacha i gcáil lán-aimseartha, páirt-aimseartha, deonach nó ar shocrúchán daltaí.

4.7 Prótacal don idirchaidreamh idir an FSS agus An Garda Síochána[22]

Sa chás go bhfuil FSS in amhras go raibh nó go bhuil drochúsáid chorpartha nó gnéis nó faillí thoiliúil á imirt ar leanbh, caithfidh FSS é sin a chur in iúl don Garda Síochána de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach in Alt 7.4.5 de chuid Tús Áite do Leanaí. D'fhéadfadh go mbeadh i gceist sa phróiseas maidir le cinneadh a dhéanamh cibé an bhfuil bunús leis an amhras faoi dhrochúsáid den sórt sin dul i gcomhairle na ndaoine gairmiúla ábhartha laistigh de FSS agus, nuair is cuí, i ngníomhaireachtaí seachtracha. Ní fhanfaidh FSS le dearbhú maidir le drochúsáid den sórt sin, áfach, bíodh sé ó aonad measúnaithe ar dhrochúsáid linbh nó ar bhealach eile, sula gcuirfidh siad fios ar An nGarda Síochána. I ngach cás den sórt sin, ní mór de FSS an duine a thugann tuairisc ar amhras faoi dhrochúsáid linbh a chur ar an eolas go roinnfear an fhaisnéis a thug siad leis An nGarda Síochána.

Sa chás go bhfuil An Garda Síochána in amhras go raibh go bhfuil leanbh ag fulaingt drochúsáid nó faillí mothúchánach, corpartha nó gnéis (bíodh sin toiliúil nó neamhbheartaithe), ní mór don Garda Síochána FSS a chur ar an eolas go foirmiúil de réir an nós imeachta atá leagtha amach in Alt 7.7.4 de Tús Áite do Leanaí.

4.8 Lón Comhairle agus Aiseolas ó FSS

I ngach cás ina n-iarrann duine comhairle FSS maidir lenar cheart nó nár cheart tuairisc a thabhairt do FSS ar chás, tá ceangailte ar FSS comhairle den sórt sin a chur ar fáil. Má tharlaíonn, ar chúis ar bith, nach bhfuil an chéad duine a bpléitear an cás leis i FSS sa chás agus gur féidir comhairle den sórt sin a chur ar fáil, is féidir iarraidh an cás a phlé le duine níos sinsearaí d'fhoireann Sheirbhísí Sóisialta Leanaí agus Teaghlaigh FSS.

I ngach cás, an té a thugann tuairisc faoi nó a dhéanann plé ar ábhar buartha maidir le cúram agus caomhnú leanaí le duine d'fhoireann FSS, ba cheart go gcuirfí in iúl don té sin na bearta is dócha a dhéanfaidh an lucht gairme a bhainfidh leis an gcás.

Am ar bith is cuí sin agus gan dochar do ghnáthchúrsaí rúndachta, tá de fhreagracht ar lucht foirne FSS toradh aon fhiosrúcháin nó imscrúdúcháin a dhéantar mar gheall ar ábhar buartha a dtugtar tuairisc air a chur in iúl do na

[22] Tús Áite do Leanaí – Caibidil 7

daoine a thug an tuairisc maidir le hamhras gur tugadh drochúsáid ar leanbh agus don lucht gairme eile a bhfuil baint acu leis an gcás.

Ba cheart go dtabharfadh Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS aiseolas don fhostóir nó don duine idirchaidrimh ainmnithe maidir leis an dul chun cinn le measúnú/imscrúdúchán maidir le drochúsáid a thabhairt ar leanbh nuair a bhaineann fostaí leis an bhfiosrúchán. Ba chóir go bhféachfadh FSS le himscrúdú a dhéanamh ar ghearáin go pras agus le measúnacht a thabhairt chun críche chomh tapa agus is féidir, arna choinneáil i gcuimhne an tionchar tromchúiseach a bheadh ar fhostaithe neamhchiontacha. Ba chóir toradh an imscrúdúcháin FSS agus/nó An Gharda Síochána a chur in iúl d'fhostóirí nó do DIA. Beidh sin ina chúnamh ag fostóir ag teacht ar shocrú faoin mbeart a dhéanfar go fadtréimhseach i ndáil leis an bhfostaí.

Caibidil 5: Líomhaintí nó Ábhar Amhrais maidir le Fostaithe de chuid na Scoile faoi Dhrochúsáid a thabhairt ar Leanbh

5.1 Réamhrá

5.1.1 Is é cuspóir atá leis an gcaibidil seo treoir a chur ar fáil do scoileanna maidir le cásanna ina líomhnaítear gur imir fostaí de chuid na scoile drochúsáid nó faillí ar leanbh. Sa chomhthéacs seo, tugtar oibrithe deonacha gan phá san áireamh leis na fostaithe.

5.1.2 I gcomhthéacs scoile, is é caomhnú an linbh an rud is tábhachtaí atá le tabhairt san áireamh, agus caitear tús áite a thabhairt do shábháilteacht agus d'fholláine an linbh. Tá dualgas agus freagracht mar fhostóir ar gach údarás scoile i ndáil leis na fostaithe chomh maith. Is é cuspóir atá leis an gcaibidil seo cúnamh a chur ar fáil d'fhostoirí maidir leis an aird chuí a thabhairt ar chearta agus leasa na leanaí atá faoina gcúram agus ar chearta agus leasa an fhostaí a ndéantar líomhain ina leith.

5.1.3 Is é an Bord Bainistíochta an fostóir i gcás bunscoileanna, scoileanna deonacha dara leibhéal agus scoileanna pobail nó scoileanna cuimsitheacha. I gcás scoileanna de chineálacha eile a oibríonn faoi Choiste Gairmoideachais, is é an Coiste Gairmoideachais an fostóir. Dá réir sin, baintear úsáid sa chaibidil seo as an leagan "an fostóir" mar thagairt don Bhord Bainistíochta agus / nó don Choiste Gairmoideachais mar is cuí. Ba chóir d'fhostóirí freisin bheith ar an eolas faoi reachtaíocht na fostaíochta agus déanamh dá réir sin agus aon pholasaithe chaidrimh fostaíochta eile a bhainfeadh le hábhar, mar shampla nósanna imeachta aontaithe maidir le gearáin nó cúrsaí araíonachta.

5.1.4 Is den tábhacht a thabhairt chun aire go bhfuil dhá ghnás oibre faoi leith atá le leanacht:

(a) gnás oibre maidir leis an modh ina dtugtar tuairisc faoin líomhain nó faoin ábhar amhrais;

(b) gnás oibre maidir leis an modh ina ndéileáiltear leis an bhfostaí.

Go ginearálta ní bheidh an fhreagracht maidir le ceist na tuairisce agus an fhreagracht maidir le ceist na fostaíochta ar an aon duine amháin. Is ar an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe a leagtar de fhreagracht tuairisc faoin scéal a thabhairt d'údaráis ceantair FSS agus is ar an bhfostóir a leagtar an fhreagracht maidir le plé le ceist na fostaíochta. Ina ainneoin sin, sa chás gur leis an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe a bhaineann an líomhain nó an t-ábhar amhrais, glacfaidh an fostóir de fhreagracht air féin comhairle a iarraidh ar FSS agus / nó tuairisc faoin gcás a thabhairt do FSS de réir mar is cuí.

5.1.5 Sa chás go dtugann an DIA (nó an fostóir mar a leagtar amach thuas) tuairisc do FSS faoi líomhain nó ábhar amhrais faoi dhrochúsáid nó faillí linbh maidir le

comhalta den Bhord Bainistíochta, cuirfidh an Bord Bainistíochta in iúl don phátrún go bhfuil tuairisc a bhaineann le comhalta den Bhord curtha faoi bhráid FSS. Is faoin bpátrún a shocrú más gá aon bheart a dhéanamh i ndáil le ról an chomhalta sin ar an mBord leanacht ar aghaidh.

5.1.6 I gcomhthéacs líomhaintí nó ábhar amhrais maidir le fostaithe de chuid na scoile faoi dhrochúsáid nó faillí a thabhairt ar leanbh is é an cuspóir tús áite na leanaí a chaomhnú taobh istigh den scoil. Ina ainneoin sin, d'fhéadfadh go ndéanfaí líomhaintí earráideacha nó mailíseacha maidir le fostaithe de chuid na scoile. Dá réir sin, pléifear go tuisceanach le haon líomhain maidir le drochúsáid nó faillí agus ba chóir cúnamh taca lena n-áirítear comhairleoireacht a chuir ar fáil don fhoireann nuair is gá. B'fhéidir go mbeadh an tSeirbhís Cabhrach Fostaithe in ann cabhair a chur ar fáil do mhúinteoirí. Caithfear go cóir leis an bhfostaí, agus an ceart nach dtabharfaí breith i ndáil leis an bhfostaí sula ndéantar fiosrúchán cóir cuimsitheach san áireamh.

5.1.7 Ba cheart d'fhostóirí a thabhairt faoi deara gur chóir comhairle dlíodóra a lorg i gcónaí sna cásanna seo ó tharla nach ionann cúinsí na gcásanna ó chás go chéile agus nach féidir déileáil le gach cineál cáis sna treoirlínte seo.

5.1.8 Ba chóir ag gach tráth a choinneáil i gcuimhne gurb é is tábhachtaí i gcónaí a chinntiú nach nochtaítear leanbh ar bith do bhaol nach gá. Cinnteoidh an fostóir, mar bheart práinne, go ndéantar aon bheart caomhnúcháin is gá. Ba cheart na bearta sin i gcomhréir le leibhéal an bhaoil agus níor cheart go mbainfeadh píonós míréasúnta ar an bhfostaí leo, ó thaobh cúrsaí airgid nó cúrsaí eile, mura mbeadh gá leis sin chun leanaí a chaomhnú. Sa chás go bhfuil bearta cosanta ina bpíonós ar an bhfostaí, is den tábhacht go ndéanfaí an cás a mheas go luath.

5.2 Prótacál lena dtugtar údarás le beart láithreach.

5.2.1 Ba chóir go mbeadh prótacál i scríbhinn socraithe ag fostóirí faoina mbeadh údarás le beart láithreach nuair is gá duine den fhoireann a chur ar shaoire riaracháin (féach **Aguisín 6** sna nósanna imeachta seo - Prótacál lena dtugtar údarás le beart láithreach). Cloífear leis na prionsabail maidir le ceartas aiceanta, toimhde na neamhchiontachta agus nós imeachta cóir. Is den ríthábhacht a thabhairt chun aire nach bearta araíonachta na bearta a gcuirtear síos anseo orthu ach bearta réamhchúraim.

5.2.2 Sa chás go mbaintear feidhm as an bprótacál chun fostaí a choinneáil as láthair na scoile, tionólfar cruinniú éigeandála de chuid an Bhoird Bainistíochta agus / nó de chuid an Choiste Gairmoideachais de réir mar is cuí.

5.3 An modh ina dtugtar tuairisc

5.3.1 Sa chás go ndéantar líomhain maidir le drochúsáid nó faillí in aghaidh fhostaí de chuid na scoile, ba chóir don DIA sa scoil gníomhú gan mhoill de réir na nósanna imeachta a leagtar amach in alt 4.2 sna nósanna imeachta seo.

5.3.2 Ón uair a thugann leanbh faisnéis, cuirfidh an té dá dtugtar an fhaisnéis sin taifead i scríbhinn uirthi ar fáil a luaithe is féidir. Sa chás gur mian le leanbh ráiteas i scríbhinn a chur ar fáil, ba cheart ligean don leanbh sin a dhéanamh. Sa chás gur duine fásta a dhéanann líomhain faoi dhrochúsáid nó faillí, ba chóir ráiteas i scríbhinn a iarraidh ar an té sin. Beidh acmhainn FSS nó acmhainn an fhostóra ábhar amhris nó líomhaintí faoi dhrochúsáid nó faillí a mheas ag brath ar an méid eolais agus ar chaighdeán na faisnéise a chuirtear in iúl dóibh. Bíodh tuairisc ar an scéal á thabhairt do FSS nó ná bíodh, cuirfidh an DIA in iúl don fhostóir i gcónaí go ndearnadh líomhain..

5.3.3 Fostaí scoile, taobh amuigh den DIA, lena ndéantar líomhaintí faoi dhrochúsáid nó faillí maidir le fostaí eile de chuid na scoile, tabharfaidh an té sin tuairisc faoin ábhar don DIA gan mhoill mar a leagtar amach in alt 4.1 sna nósanna imeachta seo. Déanfaidh an DIA ansin de réir na nósanna imeachta a leagtar amach in alt 4.2 de na nósanna imeachta seo.

Sa chás go mbaineann an líomhaint nó an t-ábhar imní leis an DLP tabharfaidh an ball foirne tuairisc gan mhoill do Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta nó i gcás scoileanna ar é an VEC an fostóir do Phríomhfheidhmeannach an VEC lena mbaineann. Sa chás sin glacadh an Cathaoirleach nó an Príomhfheidhmeannach an ról a ghlacann an DLP de ghnáth agus leanfaidh na nósanna imeachta atá leagtha amach i gcuid 4.2 thíos maidir le déileáil le líomhaint nó imní.

5.3.4 Ba chóir d'fhostaithe de chuid na scoile a bhíonn in amhras maidir le hiompar fostaí eile de chuid na scoile dul i gcomhairle leis an DIA. Tharlódh gur mhian leis an DIA dul i gcomhairle leis an FSS. Sa chás gurb é tuairim an DIA go bhfuil bunús réasúnta maith leis an ábhar amhrais, tabharfaidh an DIA tuairisc faoin gcás do FSS gan mhoill. Tabharfaidh an DIA chomh maith tuairisc faoin gcás don fhostóir (an Bord Bainistíochta agus / an Coiste Gairmoideachais), agus déanfaidh an fostóir de réir na nósanna imeachta a leagtar amach in alt 5.4 thíos.

5.4 An beart atá le déanamh ag an bhfostóir

5.4.1 Is den riachtanas go bpléifí leis an gcás faoin rúndacht is déine agus nach bhfoilseofaí ainm an fhostaí, ach amháin de réir mar a d'éileofaí faoi na nósanna imeachta sa cháipéis seo, go dtí go mbíonn deis tugtha don fhostaí labhairt leis an bhfostóir agus / nó ionadaí a chur chuig an bhfostóir thar a cheann.

5.4.2 Nuair a thuigeann fostaí go bhfuil líomhain maidir le drochúsáid nó faillí á dhéanamh in aghaidh fostaí de chuid na scoile, déanfaidh an fostóir socrú chun an fostaí a chur ar an eolas go príobháideach faoi na nithe seo a leanas:

(a) gur amhlaidh líomhain déanta ina aghaidh / ina haghaidh;

(b) cineál na líomhna;

(c) cé acu an bhfuil nó nach bhfuil tuairisc tugtha do FSS (ag an DIA nó ag

an bhfostóir)

5.4.3 Tabharfar cóip den taifead agus / nó den líomhain i scríbhinn, maille le haon cháipéisíocht eile a bhaineann le hábhar don fhostaí an tráth céanna a gcinntítear go bhfuil bearta cuí á ndéanamh maidir le caomhnú an linbh.

5.4.4 A luaithe a thugtar tuairisc faoin gcás do FSS, tabharfar deis don fhostaí freagra maidir lena líomhnaítear a thabhairt i scríbhinn don fhostóir taobh istigh de thréimhse áirithe ama. Cuirfear in iúl don fhostaí go gcaithtear an míniúchán a thugann seisean / sise don fhostóir a chur faoi bhráid FSS freisin.

5.4.5 Sa chás nach bhfuil an fostóir cinnte an n-éilítear mar gheall ar chineál na líomhainte go mbeadh an fostaí as láthair ón scoil an fhad a bhíonn an scéal á iniúchadh, ba chóir don fhostóir dul i gcomhairle le FSS agus / nó leis an nGarda Síochána d'fhonn comhairle a fháil faoin mbeart a mheasann na húdaráis sin a bheith riachtanach. Más é tuairim an fhostóra go n-éilítear mar gheall ar chineál na líomhna beart a dhéanamh láithreach nó beart a rinneadh de réir an phrótacail a dtagraítear dó in alt 5.2 thuas a dhaingniú, déanfaidh an fostóir a ordú go bhfanann an fostaí as láthair ón scoil ón tráth sin díreach. Beidh prionsabail an cheartais aiceanta agus nósanna imeachta cothroma á gcur i bhfeidhm.

5.4.6 Coinneoidh an fostóir caidreamh dlúth rialta ar bun le FSS nó leis an nGarda Síochána agus is leis an aird chuí ar an gcomhairle a chuireann na húdaráis sin ar an bhfostóir a dhéanfar cinneadh faoi chás an fhostaí de chuid na scoile.

5.4.7 Sa chás go bhfuil ordú tugtha ag an bhfostóir go bhfanfadh an fostaí as láthair ón scoil, ní bheadh le tuiscint ó chead scoir den sórt sin go raibh fostaí de chuid na scoile ciontach ar aon mhodh. Sa chás go dtugtar ordú maidir le cead scoir dá shórt, is ceart dul i gcaidreamh gan mhoill leis an Roinn Oideachais agus Scileanna i ndáil le:

(a) ceadú foirmeálta maidir le luach saothair a íoc nó íocaíochtaí *ex-gratia* in ionad luach saothair a dhéanamh de réir mar is cuí, agus

(b) cead na Roinne oide ionadaíochta a fhostú nuair is gá sin.

5.4.8 Tugtar chun aire na bhfostóirí an fhreagracht a leagtar orthu maidir le gach gné de na cúrsaí seo a choinneáil faoi rún. Cloífidh an fostóir gach tráth leis na prionsabail maidir le próisis chóir agus an ceartas aiceanta.

5.4.9 Níor cheart aon fhaisnéis ná sonraí lena bhféadfaí a aithint cén leanbh atá i gceist a lua sna miontuairiscí maidir le cruinniú de chuid an Bhoird Bainistíochta.

5.5 Aon bhearta breise a bheadh de dhíth

5.5.1 Ba chóir don fhostóir cúram a dhéanamh ionas go gcinntítear nach mbaineann aon bheart a dhéanfaí ó mheasúnú/imscrúdúchán atá ar siúl ag FSS nó ag an nGarda Síochána ná nach gcuirtear bac ar fhiosrúchán den sórt sin. Moltar go tréan, d'fhonn sin a chinntiú, go gcoinneodh an fostóir caidreamh dlúth ar bun leis

na húdaráis sin.

5.5.2 Beidh aon bheart leantach a bhíonn de dhíth de réir na nósanna imeachta araíonachta bunaithe agus ní dhéanfar beart gan dul i gcomhairle roimh ré le FSS (agus leis an nGarda Síochána má tá baint ag an nGarda leis an gcás).

5.5.3 Tar éis an chomhairle a dtagraítear di thuas a dhéanamh, déanfaidh an fostóir, agus an cheist maidir le post an fhostaí san am atá le theacht á plé, an fostaí a chur ar an eolas faoin gcás agus na nósanna imeachta atá aontaithe maidir leis an earnáil a leanacht. I gcásanna ina bhfuil feidhm le alt 5.4.7, cuirfear toradh na beartaíochta in iúl don Roinn Oideachais agus Scileanna.

5.6 Aiseolas ó Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte

Ba cheart do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS aiseolas a chur ar fáil don fhostóir agus don duine i gcúram faoin dul chun cinn maidir le fiosrúchán faoi dhrochúsáid a thabhairt ar leanbh nuair atá fostaí i gceist. Ba chóir do FSS féachaint le gearáin a mheas go pras agus teacht ar an mbreith a luaithe is féidir, agus aird ar chomh tromchúiseach agus a bheadh an cás d'fhostaithe neamhchiontacha. Ba chóir fostóirí nó daoine i gcúram a chur ar an eolas faoi thoradh an mheasúnaithe/imscrúdúcháin. Cuideoidh sin leis an bhfostóir teacht ar shocrú maidir leis an mbeart atá le déanamh go fadtréimhseach mar gheall ar an bhfostaí.

Caibidil 6: Drochíde ó Chomhaoiseach agus Cúrsaí Bulaíochta [23]

6.1 Réamhrá

I roinnt cásanna den drochíde á himirt ar leanbh, is leanbh freisin a imríonn an drochíde. Is réimse an-chasta an drochíde ó chomhaoiseach agus moltar don lucht foirne sna scoileanna iad féin a chur ar an eolas maidir leis an lón comhairle a chuirtear ar fáil i gCaibidil 9 in Túsáite do Leanaí.

6.2 Drochúsáid gnéis á tabhairt ag leanaí agus daoine óga

6.2.1 Is den tábhacht nach ndéanfaí neamhaird d'iompar idir leanaí a bhféadfadh drochíde a bheith i gceist leis agus ba cheart, de réir mar is cuí, tuairisc ar chásanna faoi leith a thabhairt do FSS. Leagtar amach ceithre aicme éagsúil i dtreoirlínte Tús Áite do Leanaí maidir le cineálacha iompair ar ceart aird a thabhairt orthu. Tugtar sonraí fúthu sin faoi na ceannteidil seo a leanas:

Gnáthfhiosracht faoi chúrsaí gnéis: D'fhéadfadh spraoi soineanta idir bheirt leanaí a bheith i gceist leis seo lena mbaineann fiosrú ar chúrsaí gnéasachta. Tharlódh go spreagfaí fiosrú den sórt seo le comhrá idir leanaí den chineál: "taispeáin do chuidse agus taispeáinfidh mise mo chuidse duitse". Gné bhuntábhachtach d'iompar den sórt seo an ton a bhaineann leis: níor cheart go mbeadh gnéithe éigeantais ná ceannasachta ag baint leis. Ní iondúil aon ghá le beart idirghabhála ar mhaithe le caomhnú leanaí i gcás iompar den chineál seo.

Iompar Frithghníomhach mar gheall ar Dhrochíde: I gcás den chineál seo, oibríonn leanbh ar tugadh drochíde air cheana an t-iompar céanna ar leanbh eile. Is ábhar tromchúiseach atá anseo agus ní mór déileáil dá réir leis. Chomh maith le freastal ar an leanbh a n-imrítear drochíde air sa chás seo, ní mór freastal ar an leanbh a thugann an drochíde air sa chás seo freisin.

An Róshuim i gcúrsaí Gnéis: I gcas den sórt seo, d'fhéadfadh go mbainfeadh an ródhúil leis an iompar gnéis. Sampla den chineál sin iompair an ghlacaireacht iomarcach agus is furasta a d'fhéadfadh easpa éigin eile ó thaobh na mothúchán a bheith ina chúis leis sin. Déanann an chuid is mó de na leanaí glacaireacht tráth éigin i rith an tsaoil. Ina ainneoin sin, sa chás i dteaghlach ina bhfuil easpa cúraim agus aire, d'fhéadfadh go bhfuil riachtanas géar orthu maidir le sólás agus d'fhéadfadh go leanfaí ar aghaidh ón nglacaireacht go mbeifí róghafa le cúrsaí gnéis agus dúfhiosrach ina leith, agus go dtiocfadh ina dhiaidh sin na gnéithe iomarcacha agus neamhthoiliúla chun cinn. Ní móide gur imríodh aon drochíde gnéis ar na leanaí sna cásanna seo ach tharlódh easpa géar ag imirt orthu agus d'fhéadfadh call acu le cúnamh sainiúil de chineál faoi leith chun déileáil leis an easpa sin.

[23] Tús Áite do Leanaí Caibidil 9

Iompar de chuid Ógánach lena mbaineann an Drochíde: An t-iompar a mbaineann an drochíde leis, beidh gnéithe den cheannasacht, den éigeantas nó den bhreabaireacht leis agus gnéithe den rúndacht go deimhin. Ní fhágann gur iompar ógánaigh atá ann, mar shampla, nach bhfuil ann ach "tástáil". Ina dhiaidh sin féin, mura bhfuil aon difríocht ó thaobh aoise idir an bheirt leanaí ná difríocht ó thaobh stádais, cumhachta nó intleachta, d'fhéadfadh duine a áiteamh ansin gur tástáil atá ar siúl ceart go leor. Ar an taobh eile den scéal, mar shampla, sa chás go bhfuil trí bliana déag slán ag an ógánach agus an leanbh trí bliana d'aois, fágann an difríocht aoise sin féin go dtagann gnéithe den drochíde chun cinn agus ní mór déileáil leis sin mar ábhar tromchúiseach.

6.2.2 Sa chás go líomhnaítear gur thug leanbh amháin drochúsáid ar leanbh eile, déanfar de réir na nósanna imeachta tuairiscíochta a leagtar amach i gCaibidil 3 in Tús Áite do Leanaí agus i gCaibidil 4 sna nósanna imeachta seo chomh maith.

6.2.3 Ní foláir déileáil mar ábhar tromchúiseadh le hiompar gnéasaithe míchuí idir leanaí, mar a leagtar amach i gCaibidil 9 in Tús Áite do Leanaí. Ba cheart don phríomhoide agus do na múinteoirí a mbaineann an cás leo cruinnithe faoi leith a shocrú le tuismitheoirí / caomhnóirí na leanaí go léir a bhaineann le hiompar den sórt sin d'fhonn an cás a réiteach.

6.2.4 D'fhéadfadh iompar gnéasaithe míchuí a bheith ina chomhartha ar chás nár mhór measúnacht FSS ina leith. Bíonn gá le measúnú cuimsitheach a dhéanamh maidir le leanaí a thugann drochúsáid ar leanaí eile agus le beartaíocht idirghabhála theiripeach de chuid dhaoine gairmiúla maidir le cúram leanaí. Tá a fhios go dtosaíonn roinnt de na daoine fásta sin a thugann drochíde ar dhaoine eile ar an drochíde le linn a n-óige, go bhfuil go leor acu ar imríodh drochíde orthu féin agus gur dócha go n-éireoidh an íde níos tromchúisí le himeacht aimsire. Is den riachtanas dá bharr sin go dtarlódh tuairiscíocht agus bearta idirghabhála an tráth is luaithe is féidir.

6.2.5 Sa chás go bhfuil leanbh ina ábhar buartha ag duine d'fhoireann na scoile ach nach bhfuil an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe cinnte ar cheart tuairisc faoin gcás a thabhairt do FSS, iarrfaidh an DIA comhairle ar Sheirbhís Leanaí agus Teaghlaigh FSS agus i mbun an chomhairliúcháin sin le FSS, beidh an DIA lán soiléir gur ag iarraidh comhairle atáthar agus nach bhfuil tuairisc á tabhairt. Ní gá don DIA sonraí lena n-aithneofaí an leanbh a thabhairt ag an tráth neamhfhoirmeálta seo. Breacfaidh an DIA síos cuntas ar an dáta, ar ainm an oifigeach de chuid FSS agus ar an gcomhairle a chuirtear ar fáil. Sa chás gurb é comhairle FSS gur cheart tuairisc a thabhairt, déanfaidh an DIA de réir na comhairle sin.

6.2.6 Sa chás go dtugann leanaí drochúsáid gnéis ar leanaí eile, tá de fhreagracht ar FSS cláir cóireála oiriúnacha a chur ar bun maidir le leanaí a ghlacann páirt in iompar trína n-oibrítear drochíde ar leanaí eile.

6.2.7 Cuirfidh an Bord Bainistíochta socruithe cuí ar bun d'fhonn an seans go dtarlódh aon iompar drochúsáide arís sa scoil a mhaolú oiread agus is féidir. Cuirfidh an Bord Bainistíochta deimhniú ar fáil do thuismitheoirí / do chaomhnóirí an linbh a d'fhulaing drochúsáid go ndéanfaidh an scoil gach beart réasúnach chun sábháilteacht an linbh sa scoil a chinntiú. Déanfaidh an príomhoide agus na

múinteoirí a mbaineann an cás leo socruithe chun bualadh, ina nduine agus ina nduine, le tuismitheoirí / caomhnóirí na bpáistí go léir a bhain leis an eachtra d'fhonn dul i ngleic leis an gcás. Ba cheart comhairle a iarraidh maidir leis seo ar Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS.

6.3 Bulaíocht

6.3.1 Is féidir a thabhairt de shainmhíniú ar bhulaíocht gur ionsaitheacht leanúnach atá ann – ionsaitheacht chainte, ionsaitheacht siceolaíochta nó ionsaitheacht fhisiciúil – a imríonn duine nó scata daoine ar dhuine nó daoine eile. Iompar atá ann a dhéantar in aon turas d'fhonn crá agus imeaglú ar dhuine eile agus is i dtimpeallacht shóisialta, mar shampla scoileanna, a tharlaíonn sé go mór mór i measc leanaí. Tá cineálacha éagsúla iompair a thagann i gceist leis, mar shampla spochadh, tarcaisne, bagairt, bualadh nó sracaireacht arna imirt ag duine amháin nó níos mó ná sin ar an té a fhulaingíonn an bhulaíocht.

D'fhéadfadh bulaíocht tarlú freisin trí dhrochíde ar bhonn ciníochais. Le cora nua sa teicneolaíocht nua-aimseartha freisin, is féidir le leanaí bulaíocht alltair a fhulaingt - tríd an idirlíon, an fón póca agus deiseanna pearsanta eile.

6.3.2 D'fhéadfadh freisin gur daoine fásta a d'imreodh bulaíocht ar leanbh, daoine fásta nach bhfuil gaol acu leis an leanbh san áireamh. D'fhéadfaí iompar bulaíochta, nuair a imríonn daoine fásta, seachas leanaí, é a mheas mar dhrochúsáid chorpartha nó mar dhrochúsáid mothúchán. Ina ainneoin sin, ní gnáth cineálacha eile drochúsáide a d'imreofaí ar leanaí, mar shampla faillí agus faillí nó drochúsáid gnéis, a thuiscint le 'bulaíocht'.

6.3.3 Tuigtear gur fadhb faoi leith an bhulaíocht sna scoileanna. Is ar údaráis na scoileanna atá an fhreagracht déileáil sa chéad áit le bulaíocht ar scoil.

6.3.4 Tá dlite ar gach scoil faoin Acht Oideachais (Leas) 2000 Cód Iompair a bheith i bhfeidhm. Éilítear faoin Acht chomh maith go ndéantar Cód Iompair na scoile a dhréachtadh de réir na dtreoirlínte a chuir an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais (BNLO) ar fáil. Luaitear go sonrach i dtreoirlínte an BNLO nach mór polasaithe a bheith ag gach scoil maidir le bulaíocht agus ciapadh a chosc agus faoin mbealach a dtéitear i ngleic le bulaíocht agus ciapadh agus gur gá do na scoileanna a lua go soiléir sa chód iompair nach bhfuil glacadh le bulaíocht.

Ní mór dá bhrí taobh istigh den chreatchóras a bhaineann le Cód Iompair ginearálta na scoile ní mór polasaí a bheith i bhfeidhm ag gach scoil a bhfuil bearta sonracha chun dul i ngleic le hiompar bulaíochta. Is féidir le cód den sórt sin, arna thabhairt chun cinn i gcomhairle le pobal uile na scoile agus arna chur i bhfeidhm mar is ceart, a bheith ar an mbeart is éifeachtaí in aghaidh iompar bulaíochta sa scoil. D'eisigh an Roinn treoirlínte maidir le bearta chun cur in aghaidh iompar bulaíochta agus tá teacht orthu sin ar www.education.ie.

6.3.5 Is den riachtanas go mbeadh na múinteoirí uile ar an eolas faoi pholasaí na scoile in aghaidh na bulaíochta agus faoi na treoirlínte maidir le déileáil le cásanna

bulaíochta. I gcás eachtra tromchúiseach a measfaí go bhféadfadh drochíde a bheith i gceist leis an iompar, rachaidh an scoil i gcomhairle le Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS d'fhonn beart cuí a thabhairt chun cinn, mar shampla plean bainistíochta.

6.3.6 Ba cheart tuairisc a thabhairt do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS faoi aon eachtraí tromchúiseacha bulaíochta a tharlaíonn.

Aguisín 1: Teimpléad de Pholasaí maidir le Caomhnú Leanaí
Teimpléad de Pholasaí [Ainm na Scoile] maidir le Caomhnú Leanaí

Glacann an Bord Bainistíochta leis go bhfuil fíorthábhacht le caomhnú leanaí agus leas leanaí maidir le gach gné de shaol na scoile agus nach mór sin a bheith le sonrú ar pholasaithe, modhanna oibre agus beartaíocht uile na scoile. Dá réir sin, ag teacht lena n-éilítear faoi 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Iarbhunscoileanna na Roinne Oideachais agus Scileanna, tá an polasaí seo a leanas maidir le caomhnú leanaí aontaithe ag Bord Bainistíochta [cuirtear isteach ainm na scoile]:

1. Tá glactha ag an mBord Bainistíochta le 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile' na Roinne agus déanfar a gcur i bhfeidhm go hiomlán, gan athrú gan leasú, mar chuid den pholasaí ginearálta maidir le caomhnú leanaí.

2. An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA): _____

3. An Leas-Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (Leas-DIA): _____

4. I ndáil le polasaithe, modhanna oibre agus beartaíocht de chuid [cuirtear isteach ainm na scoile], cloífear leis na prionsabail seo a leanas den dea-chleachtas maidir le caomhnú leanaí agus leas leanaí:
   Déanfaidh an scoil
   - glacadh leis go bhfuil fíorthábhacht le caomhnú leanaí agus leas leanaí, gan bheann ar aon cheist eile;
   - comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis chuí faoin reachtaíocht maidir le caomhnú leanaí agus cúrsaí leasa leanaí
   - gnásanna sábháilte a ghlacadh chuici féin d'fhonn an dóigh go dtarlódh dochar nó tionóisc do leanbh a mhaolú oiread agus is féidir agus an lucht oibre a chosaint ó chall dul i mbaol nach gá a bhféadfadh gurb é toradh a bheadh air go gcuirfí drochúsáid nó faillí ina leith;
   - gnás ionracais a thabhairt chun cinn le tuismitheoirí agus tuismitheoirí a spreagadh a bheith rannpháirteach in oideachas a gcuid leanaí; agus
   - meas iomlán a léiriú ar riachtanais rúndachta agus í ag déileáil le cúrsaí caomhnaithe leanaí

   Cloífidh an scoil leis na prionsabail thuas freisin i ndáil le haon dalta fásta lena mbaineann soghontacht speisialta.

5. Ba cheart an chuid seo den pholasaí maidir le caomhnú leanaí a úsáid chun polasaithe, cleachtais agus gníomhaíochtaí de chuid na scoile a mheastar a bhaineann go mór le caomhnú leanaí (e.g. an Cód Iompair/Polasaí in aghaidh na Bulaíochta, an Straitéis Tinrimh Daltaí, Maoirseacht ar Dhaltaí, Gníomhaíochtaí Spóirt/Turais Scoile/Socrúcháin oibre daltaí in iarbhunscoileanna, etc.) a lua.

   Tá sé cinntithe ag an mBord go bhfuil na polasaithe, prótacail nó cleachtais, de réir mar is cuí, curtha i bhfeidhm i ndáil le gach ceann de na nithe thuasluaite.

6. Cuireadh an polasaí seo ar fáil d'fhoireann na scoile agus do Chumann na dTuismitheoirí (sa chás gur ann dó) agus tá sé ar fáil go héasca ag tuismitheoirí ach a iarraidh. Cuirfear cóip den pholasaí seo ar fáil don Roinn agus don phátrún sa chás go n-iarrtar é.

7. Déanfaidh an Bord Bainistíochta an polasaí seo a thabhairt faoi athbhreithniú uair in aghaidh na scoilbhliana.

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an bpolasaí seo ar an _____[dáta]

Siniú: _____
Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

Síniú: _____
Príomh-Oide

Dáta: _____

Dáta: _____

Dáta an chéad athbhreithniú eile: _____

Aguisín 2: Liosta Seiceála don Athbhreithniú Bliantúil ar an bPolasaí maidir le Caomhnú Leanaí

Ní mór don Bhord Bainistíochta tabhairt faoi athbhreithniú bliantúil ar an bpolasaí maidir le caomhnú leanaí agus an liosta seiceála seo a leanas a úsáid chun na críche sin.

Tá an liosta seiceála leagtha amach mar dheis cúnta le linn athbhreithniú a dhéanamh agus níl i gceist gur liosta ollchuimsitheach atá ann. D'fhéadfadh gur mhian le Bord Bainistíochta faoi leith nithe éagsúla eile a bhfuil tábhacht faoi leith leo maidir leis an scoil áirithe sin a chur lena bhfuil ar an liosta seiceála seo.

Mar chuid de phróiseas iomlán an athbhreithnithe, ba cheart don Bhord Bainistíochta chomh maith polasaithe, gnáis oibre agus beartaíocht eile de chuid na scoile a mheas i ndáil lena gcloí le prionsabail an dea-chleachtais maidir le caomhnú leanaí agus leas leanaí mar atá leagtha amach i bpolasaí na scoile maidir le caomhnú linbh.

	Tá / Níl
An bhfuil glactha go foirmeálta ag an mBord Bainistíochta le polasaí maidir le caomhnú leanaí atá ag teacht le 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile'?	
Mar chuid de pholasaí na scoile maidir le caomhnú leanaí, an bhfuil glactha go foirmeálta ag an mBord Bainistíochta , gan athrú ná leasú, leis na 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile'?	
An bhfuil DIA agus Leas-DIA ceaptha faoi láthair?	
An bhfuil na sonraí comhfhreagrais a bhaineann le hábhar (FSS agus an Garda Síochána) ar fáil go héasca?	
An bhfuil cúrsa oiliúna maidir le caomhnú leanaí déanta ag an DIA?	
An bhfuil cúrsa oiliúna maidir le caomhnú leanaí déanta ag an Leas-DIA?	
An bhfuil aon chomhalta den Bhord a d'fhreastail ar chúrsa oiliúna maidir le caomhnú leanaí?	
An bhfuil polasaithe, modhanna oibre nó beartaíocht eile de chuid na scoile sonraithe i bpolasaí na scoile maidir le caomhnú leanaí mar gheall go meastar tábhacht faoi leith leo maidir le caomhnú leanaí?	
An bhfuil cinntithe ag an mBord go bhfuil 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile' na Roinne ar fáil ag gach duine d'fhoireann na scoile?	
An bhfuil socruithe déanta ag an mBord ionas go gcuirtear polasaí na scoile maidir le caomhnú leanaí in iúl do dhaoine nua ar fhoireann na scoile?	
An bhfuil an Bord cinnte gur cuireadh gach duine d'fhoireann na scoile ar an eolas faoina leagtar de fhreagracht orthu faoi na 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile'?	
Ón tráth a ndearna an Bord an t-athbhreithniú bliantúil deireanach, an bhfuil aon tuairisc maidir le caomhnú leanaí ar cuireadh in iúl don Bhord ina leith gur thug an DIA tuairisc faoi do FSS nó don Gharda Síochána?	
Ón tráth a ndearna an Bord an t-athbhreithniú bliantúil deireanach, an bhfuil aon chás ar cuireadh in iúl don Bhord ina leith gur iarr an DIA comhairle ar FSS agus mar gheall ar an gcomhairle sin, nach ndearnadh aon tuairisc a thabhairt do FSS?	
An bhfuil an Bord cinnte go ndearnadh na gnáis oibre maidir le caomhnú leanaí a bhaineann le tuairisc a thabhairt do FSS nó don Gharda Síochána a leanúint mar is cóir?	
An bhfuil tuairiscí maidir le caomhnú leanaí a cuireadh faoi bhráid an Bhoird breactha mar is cóir i miontuairiscí chruinnithe an Bhoird?	
An bhfuil an Bord cinnte go ndéantar na taifid ar fad maidir le caomhnú leanaí a chur ar comhad mar chóir agus a choinneáil i dtaisce go sábháilte?	
An bhfuil cinntithe ag an mBord gur cuireadh polasaí na scoile maidir le caomhnú leanaí ar fáil do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dá leithéid)?	

	Tá / Níl
An bhfuil cinntithe ag an mBord go bhfuil polasaí na scoile maidir le caomhnú leanaí ar fáil do na tuismitheoirí ar a iarraidh?	
An bhfuil cinntithe ag an mBord go bhfuil an clár Bí Sábháilte á chur i bhfeidhm go hiomlán sa scoil? (baineann le bunscoileanna)	
An bhfuil cinntithe ag an mBord go bhfuil an curaclam OSPS á chur i bhfeidhm go hiomlán sa scoil?	
An bhfuil an Bord cinnte gur comhlíonadh coinníollacha na Roinne maidir le grinnfhiosrúchán de chuid an Gharda Síochána i ndáil le gach duine d'fhoireann na scoile (fostaithe agus oibrithe deonacha)?	
An bhfuil an Bord cinnte gur comhlíonadh coinníollacha na Roinne maidir le dearbhú reachtúil i ndáil le caomhnú leanaí a chur ar fáil i gcás gach duine a ceapadh i bpost múinteoireachta nó i bpost nach post múinteoireachta atá ann?	
An bhfuil an Bord cinnte go mbíonn, ó thaobh cúrsaí caomhnú leanaí de, nósanna imeachta críochnúla á gcur i bhfeidhm ag an scoil i gcúrsaí earcaíochta agus roghnúcháin i ndáil le lucht foirne iomlán na scoile (fostaithe agus oibrithe deonacha)?	
An bhfuil an Bord cinnte go bhfuil na 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile' á gcur i bhfeidhm go hiomlán agus go leordhóthaineach sa scoil?	
An bhfuil sonraithe ag an mBord go bhfuil gné ar bith de pholasaí na scoile maidir le caomhnú leanaí agus / nó a chur i bhfeidhm ar gá feabhas breise ina leith?	
An bhfuil plean gníomhaíochta lena n-áirítear tráthchláir oiriúnacha curtha ar bun ag an mBord d'fhonn dul i ngleic leis na gnéithe sin de pholasaí na scoile maidir le caomhnú leanaí agus / nó a chur i bhfeidhm ar sonraíodh gur gá feabhas breise ina leith?	
An bhfuil cinntithe ag an mBord go ndeachthas i ngleic go leordhóthaineach le haon réimse ar sonraíodh le linn athbhreithnithe roimhe seo ar pholasaí na scoile maidir le caomhnú leanaí go bhféadfaí feabhas a dhéanamh ina leith?	

*I scoileanna ar é an VEC an fostóir, is ar an VEC lena mbainean atá an fhreagracht na ceanglais sin a chomhlíonadh. I gcásanna mar sin ba chóir dul i gcomhairle leis an VEC sula bhfreagrófaí an cheist seo.

Síniú _____ Dáta _____
Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Síniú _____ Dáta _____
Príomh-Oide

_ _ _ _

Aguisín 3: Comharthaí agus airíonna drochúsáide maidir le leanaí

1. Comharthaí agus airíonna maidir le faillí

Faillí a dhéanamh i leanaí an cineál is coitianta den drochúsáid. Is féidir idirdhealú a dhéanamh idir faillí 'thoiliúil' agus faillí 'imthoisceach'. Thabharfaí i gceist le faillí 'thoiliúil' riachtanas bunúsach an linbh a bheith á cheilt air go díreach agus in aon turas ag tuismitheoir / cúramóir, e.g. bia, dídean, teas, éadach, caidreamh le daoine eile a choinneáil ón leanbh. Is minice a bheadh strus / éagumas ó thaobh na dtuismitheoirí nó na gcúramóirí ina chúis le faillí 'imthoisceach'.

Bíonn baint dhlúth idir faillí agus leibhéil ísle maidir le tosca socheacnamíochta agus a ngabhfadh leis sin d'easnamh fisiceach. Bíonn baint idir an fhaillí freisin agus éagumas tuisitheora mar gheall ar mhíchumas foghlama nó suaitheadh síceolaíochta.

Is iondúil gur cineál éighníomhach den drochúsáid an fhaillí lena mbaineann neamhghníomh seachas déanamh (Skuse agus Bentovim, 1994). Tagann i gceist leis easpa ó thaobh cúraim agus maoirseachta ón taobh fisiciúil agus cliseadh ó thaobh riachtanas forbartha an linbh maidir le spreagadh ón taobh cognaíoch.

Ba cheart go mbeadh ábhar amhrais maidir le faillí a bheith á déanamh ar leanbh i gcásanna de na cineálacha seo a leanas:

- tréigean nó fágáil;
- leanaí a fhágtar astu féin go rímhinic gan dóthain aire ná maoirseachta;
- easpa cothaithe, easpa bia, bia mí-oiriúnach nó easpa rialtachta maidir le tráthanna béilí;
- easpa maidir le teas;
- easpa maidir le dóthain éadaigh;
- neamhaird ar shláinteachas bunúsach;
- easpa ó thaobh caomhnúcháin, fágáil i mbaol, contúirt ó thaobh moráltachta san áireamh nó easpa ó thaobh maoirseacht chuí i ndáil le haois an linbh;
- teip leanúnach an scoil a fhreastal;
- easpa bisiúlachta neamhinneachair, i.e. nuair nach mbeadh leanbh ag cur suas meáchain ní amháin mar gheall ar easpa cothaithe ach mar gheall ar easpa ó thaobh na mothúchán chomh maith;
- teip dóthain cúraim a dhéanamh maidir le fadhbanna leighis agus fadhbanna forbartha an linbh;
- dúshaothrú, ualach róthrom oibre.

2. Tréithe na Faillí

Faillí a dhéanamh ar leanaí an cineál is coitianta den drochúsáid in Éirinn agus ar fud an domhain. Ní hamháin gurb é sin an cineál mí-úsáide is minice a tuairiscítear ach aithnítear freisin gurb é sin an cineál is díobhálaí. Ní hamháin go leanann faillí ar aghaidh ar feadh óige an linbh de ghnáth ach bíonn tionchar fadtéarmach aici ar shaol an linbh sin nuair a bhíonn sé nó sí fásta. Tá seans níos mó ann go bhfaighidh leanaí bás de bharr faillí ainsealaí ná ó chás amháin de dhrochúsáid fhisiciúil. Tá sé

cruthaithe go maith go mbíonn drochthionchar tromchúiseach ar fhorbairt na hinchinne má dhéantar faillí thromchúiseach ar naíonán. Is minic a bhíonn ceangal idir bochtaineacht agus faillí ach ní gá gurb í an bhochtaineacht cúis na faillí. Tá nasc láidir idir faillí agus tuismitheoirí a bheith ag drochúsáid substaintí, agus le foréigean baile agus le galar meabhrach nó míchumas a bheith ar thuismitheoirí.

Is féidir faillí a aicmiú i gcineálacha éagsúla (curtha in oiriúint ó Dubowitz, 1999):

Faillí neamheagraithe nó anordúil: tarlaíonn sé seo go hiondúil i dteaghlaigh nuair nach mbíonn aon chomhsheasmhacht ann ó thaobh tuismitheoireachta de agus go minic i dteaghlaigh neamheagraithe a mbíonn géarchéimeanna acu go minic. Bíonn an tuismitheoireacht neamhréireach iontu, ní bhíonn cinnteacht ná gnáthaimh acu, agus is minic éigeandálacha acu ó thaobh cóiríochta, airgid agus bia dá bharr sin. Is é an toradh a bhíonn ar faillí den sórt seo ná go mbíonn neamhoird cheangail ar leanaí, go gcothaíonn sé imní iontu, agus go mbíonn iompar suaiteach agus aird-éilitheach acu, agus go mbíonn sé níos deacra leanaí níos sine a rialú nó a smachtú. D'fhéadfadh sé gur áit é áras an teaghlaigh a dtarlaíonn go leor timpistí go minic ann.

Faillí de thoradh bochtaineachta nó faillí éighníomhach: Bíonn an cineál seo faillí cosúil leis an steiréitíopa coitianta a bhíonn ag daoine faoi fhaillí. Is minic a bhíonn cóiríocht ghruama, lom gan compord i gceist mar aon le drochshláinteachas agus gan ach fíorbheagán de spreagadh sóisialta nó síceolaíochta. Ní bhíonn ach cúpla bréagán ag an líon tí agus d'fhéadfadh na cinn atá acu a bheith briste, salach nó mí-oiriúnach d'aois an linbh. Caitheann leanaí óga tréimhsí fada i gcliabháin, i gcruibeanna súgartha nó i naíchóistí. Is minic leapachas neamhleor agus éadaí salacha acu agus iad ag fulaingt de bharr easpa bia. D'fhéadfadh siad a bheith gafa le héadóchas agus drogall nó leisce orthu feabhas a chur ar staid an teaghlaigh. Is minic a bhíonn leanaí as láthair ón scoil ina leithéid de chásanna agus gnáthaimh bhochta acu maidir le hobair bhaile. Bíonn an baol ann ina leithéid de chásanna go mbeidh moill mhór forbartha ar na leanaí.

Díothacht ainsealach: Is mó an seans go dtarlóidh a leithéid de dhíothacht nuair nach bhfuil aon phríomhphearsa cheangail ann a bhféadfadh an leanbh a bheith mór leis nó léi. Tarlaíonn sé den chuid is mó in institiúidí móra ina dtugtar cúram maith do leanaí ach nach mbíonn deis acu a bheith mór le cúramóir amháin. Sna cásanna seo, bíonn roinnt daoine fásta ag déileáil leis na leanaí agus feictear dóibh gurb ionann riachtanais na leanaí agus a bhfuil á éilimh ag an ngrúpa. Is minic a bhíonn baint ag an gcineál seo díothachta le heaspa spreagtha agus is féidir moill mhór a chur ar fhorbairt an linbh dá bharr.

Léiríonn na pointí seo a leanas an toradh a bhíonn ar na cineálacha éagsúla faillí ar leanaí:

- bia neamhleor - ní fhorbraíonn na leanaí mar is dual dóibh;
- guaiseacha teaghlaigh - tionóiscí;
- easpa sláinteachais - fadhbanna sláinte agus sóisialta;
- gan aird a thabhairt don tsláinte - galar;
- cúram neamhleor ó thaobh sláinte meabhrach de - féinmharú nó ciontóireacht;
- cúram mothúchánach neamhleor - drochthorthaí iompraíochta agus oideachais;
- maoirseacht uireasach - dul i riosca;

- caidreamh éagobhsaí - fadhbanna ceangail;
- coinníollacha maireachtála éagobhsaí - fadhbanna iompraíochta agus imní, baol timpistí;
- nochtadh d'fhoréigean baile - fadhbanna iompraíochta, agus fadhbanna sláinte coirp agus meabhrach;
- foréigean pobail - iompar frithshóisialta.

3. Comharthaí agus airíonna maidir le drochúsáid mothúchán

Is minic a tharlaíonn faillí agus drochúsáid mhothúchánach in árais teaghlaigh nach bhfuil tacaíocht mhothúchánach le fáil iontu. Ní gá go mbeadh baint aige le díothacht fhisiceach. Ní shásaítear riachtanais mhothúchánacha na leanaí; d'fhéaddfadh sé nach mbeadh comhbhá agus freagrúlacht mothúchánach sa ghaol atá ag an tuismitheoir leis an leanbh.

Tarlaíonn faillí agus drochúsáid mhothúchánach nuair a bhíonn na daoine fásta atá freagrach as cúram leanaí aineolach faoi na riachtanais mhothúchánacha agus fhorbartha atá acu agus nach féidir leo (ar chúiseanna éagsúla) iad a shásamh. Níl sé éasca drochúsáid mhothúchánach a aithint toisc nach bhfuil sé éasca na torthaí a thabhairt faoi deara. Scríobh Skuse (1989): 'emotional abuse refers to the habitual verbal harassment of a child by disparagement, criticism, threat and ridicule, and the inversion of love; whereby verbal and non-verbal means of rejection and withdrawal are substituted'.

Is féidir faillí agus drochúsáid mhothúchánach a aithint trí leas a bhaint as na hinnéacsanna atá liostaithe thíos. Mar sin féin, ba chóir a mheabhrú nach dtugann táscaire amháin le fios go raibh drochúsáid mhothúchánach i gceist. Is mó an seans atá ann go mbeidh drochthionchar ag faillí agus ag drochúsáid mhothúchánach ar leanbh má bhíonn braisle innéacsanna i gceist, go mbíonn an scéal amhlaidh ar feadh tréimhse fada ama agus mura mbíonn tosca cosantacha eile ann.

- séanadh;
- easpa maidir le moladh agus spreagadh;
- easpa maidir le compord agus gean;
- easpa maidir le ceanúlacht;
- easpa maidir le spreagadh cuí (e.g. súgradh agus spraoi);
- easpa leanúnachais maidir le haire (e.g. cónaí a athrú go minic);
- róchaomhnú tromchúiseach;
- píonós neamhchorpartha míchuí (e.g. cur faoi ghlas sa seomra codlata);
- aighneas agus / nó foréigean sa teach;
- gach leanbh a dtugtar drochúsáid gnéis nó drochúsáid chorpartha air nó a ndéantar faillí ina leith, tugtar drochúsáid ó thaobh na mothúchán ar an leanbh sin freisin:
- súil le toradh maidir le hiompar an linbh nach cuí i ndáil le haois agus riocht forbartha an
- linbh.

Fulaingíonn leanaí drochúsáid mhothúchánach chomh maith má dhéantar faillí orthu agus má thugtar drochúsáid chorpartha agus ghnéis dóibh.

4. Comharthaí agus airíonna maidir le drochúsáid chorpartha

Tá ábhar trom amhrais maidir le mí-úsáid fhisiciúil ag baint le míniú míshásúil nó míniúcháin éagsúla, minicíocht agus cnuasach ar eachtraí de na cineálacha seo a leanas:

- brú craicinn (tugtar breis sonraí thíos);
- briseadh (cnámh);
- ailt ata;
- dó/scóladh (tugtar breis sonraí thíos);
- scramhadh / stolladh;
- rith fola (reitineach, fodhúrach);
- donú bhall coirp;
- nimhiú – eachtraí leanúnacha (drogaí ar oideas, deoch meisciúil);
- easpa foráis;
- coma/ bheith gan aithne (neamhaireachtáil);
- bás.

Is iomaí cineál éagsúil den drochúsáid chorpartha ann, ach tá gortú don chraiceann, don bhéal agus do na cnámha ar na cineálacha is coitianta.

Brú craicinn – go ginearálta

De bharr timpiste
Tá brú craicinn (ballbhrú) coitianta in áiteanna sa cholainn mar a mbíonn an chnámh gar go maith don chraiceann. Tarlaíonn freisin brú craicinn chun tosaigh ar an gcolainn ós iondúil gur chun cinn a thiteann leanaí.

Tá brú craicinn de bharr tionóisce coitianta ar an smig, ar an tsrón, ar an mbaithis, ar an uilinn, ar na glúine agus ar na loirgní. D'fhéadfadh brú craicinn a bheith go minic sna háiteanna sin ar leanbh a dtarlaíonn timpistí go rialta dó. Bíonn brú craicinn den sórt sin leata gan aon líne shoiléir lena imeall. Ní mór aon bhrú craicinn ar leanbh faoin aois gluaisteachta a bheith ina ábhar buartha.

Brú craicinn nach de bharr timpiste
Is mó an seans go dtarlóidh brú craicinn, más le teann mí-úsáid fisiciúil a tharla sin, san áit nach mbíonn an fíochán teann, e.g. ar leiceann, na másа, íochtar an droma, an leis, an colpa, an muineál, na baill ghiniúna agus an béal.

D'fhéadfadh pátrún faoi leith le marcanna ó leanbh a bhualadh nó greim a bhreith ar leanbh. Tharlódh lorg buailte ar na másа nó ar leiceann agus d'fhéadfadh go bhfeicfí lorg na méar ar chuid ar bith den cholainn. B'ábhar buartha dorn ar an tsúil (marc dorcha thart ar an tsúil) nó ar an gcluais. Ní tharlaíonn marc timpeall na súile trí thitim ar urlár réidh. Sa chás go mbíonn marc ar an dá shúil, theastódh dhá ghortú leis sin a tharraingt agus b'ábhar imní i ngach cás a leithéid. Tá pátrúin faoi leith faoin mbrú craicinn a fhágann strapaí, beilteanna, bataí agus cosa a oibriú ar dhuine. D'fhéadfadh go bhfágfaí lorg an airm ar leanbh mar bhrú craicinn ar an droim nó ar chúl na leise (áiteanna a bhíonn faoi cheilt éadaigh go hiondúil).

D'fhéadfadh baint ag brú craicinn le croitheadh ar féidir go mbeadh cur fola faoi cheilt de thoradh air nó brú baill taobh istigh den bhlaosc. Is ábhar amhrais brú craicinn ar bith thart

ar an muineál ó tharla gur ar éigean gur de thimpiste a tharlódh sé ansin. Ní bhíonn aon phátrún faoi leith faoi bhrú craicinn a tharlaíonn mar gheall ar bhualadh le dorn ach d'fhéadfadh gur in áiteanna ar an gcolainn nach dtarlaíonn gortú de thimpiste a bheadh a leithéid le feiceáil. D'fhéadfadh gortú eile i gceist ag an am céanna – réabadh ar thiompán na cluaise / blaosc briste. D'fhéadfadh gur ábhar buartha gortú don bhéal, e.g. stróiceadh an bhéil (*frenulum*) ó bheathú fórsáilte le buidéal.

Gortú do na cnámha
Tarlaíonn timpistí do leanaí go rialta a mbíonn cnámha briste de thoradh orthu. Ina dhiaidh sin féin, tá cnámha leanaí níos solúbtha ná cnámha dhaoine fásta agus na leanaí féin níos éadroime agus dá bhrí sin, tá le tuiscint go hiondúil ó bhriseadh, go háirithe an blaosc a bhriseadh, gur oibríodh cuid mhaith fórsa.

Gortú do na cnámha – nach de bharr timpiste é
Ba cheart briseadh cnáimhe de chineál ar bith ar leanbh faoi 8 mí d'aois ina ábhar amhrais. Tá díol mór amhrais freisin sa bhlaosc a bhriseadh i gcás leanaí faoi 3 bliana d'aois. Níor mhór i gceachtar den dá chás, fiosrú cúramach faoin gcaoi inar tharla an briseadh. D'fhéadfadh at sa chloigeann nó codlatacht a bheith ina gcomharthaí gur gortaíodh an leanbh freisin.

Dó
Is iondúil, i gcás leanaí a dtarlaíonn dó trí thimpiste dóibh, gur trí leacht te a dhórtadh a thiteann steallóga orthusan nó gurb é an chaoi a dteagmhaíonn siad le rud atá te. Is iondúil go mbíonn an cuntas a thugann na tuismitheoirí ar an eachtra ag teacht leis an bpátrún is léir a bhaineann leis an ngortú. Ina ainneoin sin, d'fhéadfadh go mbeadh le tuiscint ó eachtraí i ndiaidh a chéile nach bhfuil dóthain aire agus aird ar chúrsaí sábháilteachta sa teach sa bhaile.

Dó – nach de bharr timpiste é
D'fhéadfadh i gcás leanaí a dhóitear ar bhealach nach de thimpiste é go mbeadh pátrún le sonrú ar an ngortú a tharlaíonn dóibh nach leor an míniú a thugann na tuismitheoirí leis an bpátrún féin a mhíniú. D'fhéadfadh gur cuireadh an leanbh i leacht te. D'fhéadfadh go mba léir líne shainiúil maidir leis an dó nach ionann leis an bpátrún a fheictear i gcás dó a tharlaíonn de thimpiste. D'fhéadfadh chomh maith gur coinníodh an leanbh suas in aghaidh rud te, mar shampla, téitheoir nó fáinne ar chócaireán, sa chaoi agus go bhfágtar marcanna sonracha. D'fhéadfadh dó toitíní loit bheaga a fhágáil ar an gcraiceann in áiteanna éagsúla ar an gcolainn nach mbeadh i gcontúirt ar an ngnáthbhealach. D'fhéadfadh cúiseanna eile a bheith leis an gcuma sin ar an gcraiceann agus ba chóir comhairle saineolaí paeidiatraice a lorg.

Greamanna
D'fhéadfadh go mbainfeadh ainmhí nó duine greim as leanbh. I gcás ainmhithe, e.g. madraí, is iondúil go dtéann na fiacla tríd an gcraiceann agus go stróictear an craiceann, agus is iondúil go mbíonn cuntas cinnte ar an gcaoi ar tharla an eachtra. Baineann leanaí beaga greim as leanaí eile chomh maith.

Greamanna – nach de bharr timpiste iad
Is deacair uaireanta idirdhealú a dhéanamh idir greim a bhain duine fásta agus greim a bhain leanbh mar gheall nach mbíonn an tomhas a dhéantar orthu cruinn. Ní mór déileáil mar eachtra tromchúiseach le haon mharc a mbítear in amhras gur lorg ar ghreim a bhaint ag

duine fásta atá ann. D'fhéadfadh comhairleoirí paeidiatraice oibriú i gcomhar le lucht fiaclóireachta d'fhonn lorg fiacla a shonrú go beacht.

Nimhiú D'fhéadfadh leanaí cógais leighis nó ábhar ceimicigh a thógáil atá contúirteach nó a chuirfeadh i mbaol a mbáis iad. Ní mór gnéithe den aire agus de chúrsaí sábháilteachta sa bhaile a mheas tar éis gach eachtra.

Nimhiú – nach de bharr timpiste é
Is féidir le nimhiú nach de bharr timpiste é tarlú agus d'fhéadfadh gur deacair é a thabhairt faoi deara ach ba cheart aon eachtra aisteach nó eachtraí i ndiaidh a chéile ina n-ábhar amhrais chomh maith le heachtraí lena mbaineann níos mó ná leanbh amháin. D'fhéadfadh codlatacht nó hipearanálú ina airí.

Croitheadh le foréigean
Is minic croitheadh ina chúis le lot inchinne i leanaí an-óg.

Breoiteacht chumtha / chruthaithe
Tarlaíonn a leithéid seo nuair a chumann na tuismitheoirí, an mháthair go hiondúil (de réir na saothar taighde is deireanaí agus lón eolais ó chásanna), scéalta faoi bhreoiteacht ar leanbh nó nuair a thugann siad go mbíonn comhartha breoiteachta le feiceáil. Tharlódh sin nuair a thugann an tuismitheoir drugaí contúirteacha nó ábhar nimhe eile don leanbh nó trí phlúchadh. I measc na n-airíonna a bheadh ina gcomhartha go bhféadfadh breoiteacht chumtha nó breoiteacht chruthaithe a bheith i gceist, tá siad seo a leanas:

(a) airíonna nach bhfuil aon mhíniú orthu le tástáil mhíochaine; airíonna nach bhfaca aon duine eile riamh ach amháin an tuismitheoir/curamóir; airíonna a ndeirtear nach dtarlaíonn iad le feiceáil ach amháin sa bhaile nó nuair a thugann tuismitheoir/cúramóir cuairt ar leanbh in ospidéal;

(b) éileamh géar leanúnach go ndéanfaí fiosrú faoi na hairíonna gan aon tuairisc ar chomharthaí corpartha;

(c) deacrachtaí nach féidir a mhíniú le cóir leighis, mar shampla diltálaire ag titim amach nó cur isteach ar línte; cógais leighis nár tugadh aon oideas ina leith nó ábhar nimhe san fhuil nó san fhual.

5. Comharthaí agus airíonna maidir le drochúsáid gnéis

Is minic go dtagann réimse leathan gníomhartha drochúsáide i gceist le drochúsáid gnéis a thugtar ar leanbh. Is annamh nach mbeadh i gceist ach aon eachtra amháin agus is iondúil go mbíonn sé ar siúl ar feadh roinnt blianta. De ghnáth is taobh istigh den teaghlach a tharlaíonn drochúsáid gnéis a thugtar ar leanbh.

Is ar na bealaí seo a leanas is mó a thagann cásanna drochúsáid gnéis chun follais:

(a) ligeann an leanbh fios ar an drochúsáid le deartháir, deirfiúr nó cara;

(b) bíonn duine fásta in amhras faoi chúrsaí;

(c) comhartha fisiciúil.

Tugtar cur síos in Colburn Faller (1989) ar an réimse leathan gníomhartha de chuid daoine fásta ar féidir drochúsáid gnéis a bheith á thabhairt ar leanbh leo. Orthu sin, tá an chuid seo a leanas:

Drochúsáid gnéis nach mbaineann teagmháil léi

- 'Caint ghairsiúil ionsaitheach', lena n-áirítear caint a dhéanann an ciontóir leis an leanbh maidir le tréithe gnéis an linbh, an ní ba mhaith leis an gciontóir a imirt ar an leanbh agus caint ghairsiúil eile faoi chúrsaí gnéis.
- Glaonna teileafóin gáirsiúlachta.
- 'Nochtach' neamhspleách lena mbaineann an ciontóir ag taispeáint na mball gnéis don íospartach agus / nó ag déanamh glacaireachta os comhair an íospartaigh.
- 'Gliúcaíocht' lena mbaineann cásanna ina mbíonn an ciontóir ag faire an íospartaigh i gcás neamhghléasta nó i mbun gníomhartha a shásaíonn fonn gnéis de chuid an chiontóra. D'fhéadfadh gníomhartha ina measc sin nach measfadh daoine eile spreagadh dá laghad ag baint leo maidir le fonn gnéis.

Teagmháil gnéis

- Lena mbaineann teagmháil ar bith leis na baill choirp phearsanta. D'fhéadfadh do dtabharfadh an ciontóir cuimilt nó glacaireacht ar an íospartach, agus / nó go dtabharfadh an ciontóir ar an íospartach cuimilt agus / nó glacaireacht a dhéanamh ar an gciontóir. D'fhéadfadh an chuimilt tarlú taobh amuigh den éadach nó faoin éadach. Tugtar 'frotaís' san áireamh freisin, i.e. cás ina mbíonn sásamh ar fhonn gnéis ag an gciontóir as na baill gnéis a chuimilt in aghaidh cholainn nó éadach an íospartaigh.

Drochúsáid gnéis béil agus ball giniúna

- Lena mbaineann an ciontóir ag líochán, ag pógadh, ag diúl nó ag baint greim as baill ghiniúna an linbh nó ag tabhairt ar an leanbh sin a dhéanamh leis an gciontóir.

Drochúsáid gnéis idirfhéimearach

- Thagrófaí dó seo uaireanta mar *'dry sex*' i mBéarla agus is é a bhaineann leis go gcuirfeadh an ciontóir an péineas idir cosa an linbh.

Drochúsáid gnéis lena mbaineann treá (tá ceithre chineál a thagann i gceist):

- 'Treá le méara', lena mbaineann treá na faighne nó treá an anais, nó treá na faighne agus an anais, le méara. Is iondúil gurb é an ciontóir a imríonn an treá ar an íospartach, ach tarlaíonn uaireanta go dtugann an ciontóir ar an leanbh an ciontóir a threá.
- 'Treá le rudaí', lena mbaineann treá na faighne, treá an anais nó treá an bhéil in amanna le rud.

- 'Treá na faighne', lena mbaineann an péineas a chur isteach san fhaighin, uaireanta cuid den phéineas.
- 'Treá an anais' lena mbaineann treá an anais leis an péineas.

Teacht i dtír gnéasach

- Baineann cásanna leis an gcineál seo den íospairt gnéis ina bhféadfadh nach ndéanann an té atá ciontach as an teacht i dtír teagmháil gnéis go díreach leis an leanbh. Ar chineálacha den drochúsáid seo, tá pornagrafaíocht leanaí agus striapachas leanaí.
- 'Pornagrafaíocht leanaí' grianghrafanna, físeáin agus scannáin, agus, le tamall anuas, pornagrafaíocht ríomhaireachta, san áireamh.
- Den chuid is mó, is leanaí d'aois lena mbaineann folacht ghnéasach nó d'aois ógántachta a tharraingítear i b'pornagrafaíocht leanaí'. Ina ainneoin sin, tá eolas ar chásanna drochúsáide den chineál seo a bhain le leanaí chomh hóg le 4 bliana agus 5 bhliana d'aois.
-

D'fhéadfadh drochúsáid gnéis de na cineálacha a luaitear thuas a bheith á dtabhairt in éineacht le drochúsáid de chineálacha eile, mar shampla, drochúsáid chorpartha agus fual nó dífhaecú ar an íospartach. I roinnt cásanna is cuid dlúth den drochúsáid gnéis drochúsáid chorpartha a bheith á tabhairt; i gcásanna eile, d'fhéadfadh go dtabharfaí drogaí agus deoch meisciúil don íospartach.

Is den tábhacht go dtabharfaí chun aire nach móide go mbeadh comharthaí corpartha follasach i gcás drochúsáid gnéis tarlú mar gheall ar chineál na drochúsáide agus / nó gur tamall tar éis an tráth ar tugadh an drochúsáid a ligeadh an scéal le duine.

Ba cheart do chúramóirí agus lucht gairme bheith san airdeall maidir le comharthaí corpartha agus comharthaí iompair mar seo a leanas freisin:

- fuil ón bhfaighin nó ón anas;
- deacracht nó pian le fual a scaoileadh nó fearadh;
- d'fhéadfadh galar teacht chun cinn mar thoradh tánaisteach ar dhrochúsáid gnéis, a bhféadfadh agus nach móide gur galar arna tholgadh trí ghnéas é. Ba chóir a chur in iúl do lucht gairme sa chás go mbíonn fuíoll leanúnach ón bhfaighin nó faithní / gríos cnis thart ar na baill ghnéis ar leanbh;
- athrú follasach in iompar linbh nach dtagann le gnáth-thréithe an linbh sin;
- leidí a bheith á dtabhairt faoi ghníomhaíocht gnéis;
- tuiscint ar iompar gnéis nach bhfuil oiriúnach don aois;
- iompar mealltach mí-oiriúnach;
- iompar gnéis atá ionsaitheach le daoine eile;
- spraoi neamhghnách a mbaineann tréithe gnéis leis le comhaoisigh / bréagáin;
- drogall neamhghnách dul i mbun gnáthbheartaíochta a dtagann i gceist leis éadach a bhaint de nó di, e.g. cluichí / snámh.

Ar na comharthaí maidir le bealaí iompair faoi leith agus deacrachtaí mothúchán a thabharfadh le tuiscint go mb'fhéidir gur imríodh drochúsáid ar leanaí óga (0-10 mbliana d'aois), d'áireofaí iad seo a leanas:

- taghdanna, athrú meoin agus giúmair, e.g. éiríonn an leanbh cúthail, faiteach, aisteoireacht airde;
- easpa maidir le cumas aird a dhíriú go háirithe i suíomh oideachais
- fliuchadh, salú na leapan;

- pianta, pianta boilg, tinneas cinn is gan aon údar fisiciúil leis;
- neamhord cnis;
- drogall dul a chodladh, tromluí, athrú sna pátrúin chodlata;
- diúltú ar scoil;
- imní faoi scoiteacht;
- gan goile a bith acu, an iomarca bia a ithe nó bia a chur i bhfolach;

Ar na comharthaí maidir le bealaí iompair faoi leith agus deacrachtaí mothúchán a thabharfadh le tuiscint go mb'fhéidir gur imríodh drochúsáid ar leanaí níos sine (10+ bliana d'aois),d'áireofaí iad seo a leanas:

- dúlagar, aonrú, fearg;
- éalú ó bhaile;
- mí-úsáid drugaí, óil, tuaslagóirí;
- féinmháchailiú;
- iarrachtaí féinmharaithe;
- neamhfhreastal nó fágáil scoile luath;
- neamhord itheacháin;

Ní mór i ndáil le gach comhartha / táscairemeasúnacht chúramach a dhéanamh agus cás an linbh a thabhairt san áireamh.

Aguisín 4: Foirm Thuairiscíochta Chaighdeánach maidir le tuairisc ar ábhar imní maidir le caomhnú leanaí agus / nó leas leanaí

UIMHIR NA FOIRME: CCO1:01:00

FOIRM THUAIRISCITHE CHAIGHDEÁNACH

(Chun ábhair imní faoi Chosaint agus Leas Leanaí a thuairisciú do FSS)

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

A. Don Oibrí Sóisialta/Duine Ainmnithe Príomha: _____

1. Dáta na Tuairisce

2. Sonraí an Linbh

Ainm:		Fireann ☐		Baineann ☐	
Seoladh:		Dáta Breithe		Aois	
		Scoil			
Ailias		Seoladh comhfhreagrais (má tá sé difriúil)			

3. Sonraí na nDaoine atá ag tuairisciú Ábha(i)r Imní

Ainm:		Uimhir Theileafóin	
Seoladh:		Post	
		Gaol leis an gcliant	
Is mian leis an tuairisceoir nach luafar a (h)ainm ☐		Tuairisceoir pléite le tuismitheoirí/caomhnóirí ☐	

4. Tuismitheoirí ar an eolas faoin Tuairisc

	Tá	Níl
An bhfuil tuismitheoirí nó cúramóirí an linbh ar an eolas go bhfuil an t-ábhar imní seo á thuairisciú do FSS?	☐	☐

5. Sonraí na Tuairisce

(Sonraí na n-ábhar imní, na líomhaintí nó dátaí agus amanna na n-eachtraí, na ndaoine a bhí i láthair, agus cur síos ar ghortuithe ar bith a chonacthas, tuairimí na dtuismitheoirí, chomh maith le tuairimí an linbh má tá a leithéidí ar eolas.)

Tionscadal do Chórais Faisnéise Náisiúnta um Chúram Leanaí - Céim 3

FOIRM THUAIRISCITHE CHAIGHDEÁNACH

(Chun ábhair imní faoi Chosaint agus Leas Leanaí a thuairisciú do FSS)

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

6. Gaolta

Sonraí na Máthar		**Sonraí an Athar**	
Ainm:		Ainm:	
Seoladh (murab ionann é agus seoladh an linbh)		Seoladh (murab ionann é agus seoladh an linbh)	
Uimhreacha Teileafóin:		Uimhreacha Teileafóin:	

7. Comhdhéanamh an Teaghlaigh

Ainm	**Gaol**	**Dáta Breithe**	**Faisnéis bhreise, m.sh. scoil/post/eile**

8. Ainm agus seoladh na ndaoine nó na ngníomhaireachtaí eile atá bainteach leis an leanbh seo:

	Ainm	**Seoladh**
Oibrí Sóisialta		
Altra Sláinte Poiblí		
Dochtúir Ginearálta		
Ospidéal		
Scoil		
Gardaí		
Naíonra/Creis/Grúpa Óige		
Eile (sonraigh le do thoil):		

9. Sonraí an duine/na ndaoine líomhnaithe atá mar ábhar imní maidir leis an leanbh

Gaol leis an leanbh		Aois		Fireann	☐	Baineann	☐
Ainm:		Post:					
Seoladh:							

10. Sonraí an duine atá ag comhlánú na foirme

Ainm:		Post:	
Sínithe:		Dáta:	

Nótaí treorach

Tá de fhreagracht faoin reachtaíocht ar FSS, de réir an Achta um Chúram Leanaí, 1991 leas agus caomhnú leanaí a chur chun cinn. Tá de dhualgas ar FSS dá bhrí sin glacadh le haon fhaisnéis maidir le leanbh nach bhfuil ag fáil dóthain aire agus / ná á chaomhnú.

Seo Foirm Thuairisce le húsáid ag:

- Duine gairimiúil, duine aonair nó grúpa ar bith a bhfuil baint acu le seirbhísí do leanaí, lucht foirne FSS san áireamh, agus a fhaigheann eolas faoi ábhar buartha i ndáil le caomhnú linbh nó leas linbh, nó a dtugtar tuairisc dóibh faoi ábhar buartha i ndáil le caomhnú linbh nó leas linbh.

- Lucht gairme agus daoine aonair atá i mbun seirbhísí cúram leanaí i measc an phobail agus conradh seirbhíse acu le FSS.

- Daoine ainmnithe i ngníomhaireacht dheonach nó i ngníomhaireacht pobail.

Líontar isteach oiread faisnéise agus sonraí agus atá ar eolas. Cuideoidh sin leis an Rannóg Oibre Shóisialta leibhéal an bhaoil ina bhfuil an leanbh nó leibhéal na seirbhísí taca atá de dhíth a mheas. Sa chás nach bhfuil an fhaisnéis a iarrtar ar eolas agat, tugtar sin le fios trí líne a chur tríd an gceist. Is dócha go mbeidh oibrí sóisialta ag caint leat chun an tuairisc uait a phlé.

Féachann FSS le hoibriú i gcomhar leis na tuismitheoirí. Sa chás go bhfuil tú ag tabhairt na tuairisce seo faoi rún, ba chóir a thabhairt faoi deara nach féidir le FSS a dhearbhú go mbainfidh rúndacht iomlán leis agus sin ar na cúiseanna seo a leanas:

- D'fhéadfadh go n-ordófaí sa Chúirt an fhaisnéis a fhoilsiú.

- Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, d'fhéadfadh an Coimisinéir um Shaoráil Faisnéise a ordú go dtabharfaí an t-eolas amach.

Ba chóir duit a thabhairt faoi deara chomh maith go bhfuil cosaint duit faoin Acht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Mí-úsáid Páistí, 1998, maidir le tuairisc *bona fide* a thugtar.

Sa chás nach bhfuil tú cinnte ar cheart duit tuairisc a thabhairt ar ní is ábhar buartha duit, cuir glaoch teileafóin le do thoil ar an oibrí sóisialta ar dualgas in FSS agus pléigh an t-ábhar buartha leis an oifigeach sin (*féach **Aguisín 5** leis na nósanna imeachta seo maidir le liosta iomlán d'oifigí FSS ar fud na tíre*).

Aguisín 5: Sonraí caidrimh maidir le Seirbhísí Sóisialta Leanaí agus Teaghlaigh FSS ar fud na tíre

Tá liosta ar fáil freisin ar láithreán gréasáin FSS (www.hse.ie/go/socialworkers) agus ó LoCall FSS Teil. 1850 24 1850.
D'fhéadfadh go mbeadh leasú le déanamh i ndáil leis na huimhreacha seo ó am go chéile. Seiceáiltear ar láithreán gréasáin FSS maidir leis an eolas is deireanaí.

Limistéar FSS	Seoladh	Uimhir Teileafóin
BAILE ÁTHA CLIATH THUAIDH	An tIonad Sláinte, Bóthar Chaisleán na Croma, An Chúlóg, Baile Átha Cliath 5	(01) 816 4200 (01) 816 4244 (01) 842 0011
BAILE ÁTHA CLIATH LÁIR THUAIDH	An Oifig Oibre Shóisialta, 22 Cearnóg Mhuinseo, Baile Átha Cliath 1 An Oifig Oibre Shóisialta, Ionad Sláinte Bhaile Munna, Baile Átha Cliath 11	(01) 8772300
BAILE ÁTHA CLIATH THIAR THUAIDH	An tIonad Sláinte, Páirc Chnocán an Tobair, Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11 An Roinn Oibre Shóisialta, Bóthar Ráth an Dúin, Baile Átha Cliath 7	(01) 856 7704 (01) 882 5000
BAILE ÁTHA CLIATH THOIR THEAS	An Roinn Oibre Shóisialta Halla Vergemount, Cluain Sceach, Baile Átha Cliath 6	(01) 268 0320 (01) 2680333
CATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH THEAS	Obair Shóisialta ar Dualgas, Áras Carnegie, 21-25 Sráid an Tiarna Éadbhard, Baile Átha Cliath 2 An tSeirbhís Altranais Seirbhíse Sláinte, 21-25 Sráid an Tiarna Éadbhard, Baile Átha Cliath 2 An tSeirbhís Tacaíochta Teaghlaigh, 78B Church House, 78B Ascaill Dhún Uabhair, Baile Átha Cliath 8	(01) 648 6555 (01) 648 6730 (01) 416 4441
BAILE ÁTHA CLIATH THIAR THEAS	Plásóg Shruthán an Mhuilinn, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24	(01) 452 0666 (01) 427 5000
BAILE ÁTHA CLIATH	An Roinn Oibre Shóisialta,	(01) 620 6387

THIAR	Teach Bridge, Ospidéal Ghort na Silíní, Baile Formaid, Baile Átha Cliath 10	
DÚN LAOGHAIRE	An Roinn Oibre Shóisialta Clinic Mhuire Sráid Phádraig, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath	(01) 6637300
CEATHARLACH	Oifig Oibre Shóisialta Cheatharlach, Stór na Talún, Ospidéal Naomh Damhnait, Bóthar Bhaile Átha Í, Co. Cheatharlaigh	(059) 913 6587
AN CÁBHÁN	Seirbhísí Pobail Linbh agus Teaghlaigh FSS, Crosbhóthar Dhroim Lao, Co. an Chábháin	(049) 437 7305 (049) 437 7306
AN CLÁR	Oibrí Sóisialta ar Dualgas an Chláir, Áras na hAbhann, Bóthar an Ghoirt, Inis, Co. an Chláir An Roinn Oibre Shóisialta Ionad Sláinte na Sionainne An tSionainn, Co. an Chláir An Roinn Oibre Shóisialta Ionad Sláinte Chill Rois Cill Rois, Co. an Chláir	(065) 686 3907 (Luan – Aoine 2 - 5 i.n.) (061) 718 400 (065) 905 4200
CORCAIGH	Roinn Oibre Shóisialta Chorcaigh Thuaidh 134 Plás an Bhainc, Malla Co. Chorcaí Roinn Oibre Shóisialta ó thuaidh den Laoi, An Linn Dubh (*cóngarach d'Ionad Siopadóireachta na Linne Duibhe*), An Linn Dubh, Co. Chorcaí An Roinn Oibre Shóisialta ó dheas den Laoi, Ospidéal Naomh Fionn Barra, Bóthar Dhúglais Co. Chorcaí Seirbhísí Caomhnú Linbh Iarthar Chorcaí, An Roinn Oibre Shóisialta, Cúil na nGarrán, An Sciobairín, Co. Chorcaí	(022) 54100 (021) 492 7000 (021) 492 3001 (028) 40447
DÚN NA nGALL	Ionad Gnó Links, Lios Feannáin, Bun Cranncha, Dún na nGall (An Fhoireann	(074) 932 0420

	Thoir) Áras Euro, Bóthar na gCealla Beaga, Dún na nGall, Co. Dhún na nGall (An Fhoireann Thiar) An Roinn Oibre Shóisialta Cúirt na Mílaoise, Bóthar an Phiarsaigh, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall (An Fhoireann Lár-Theas agus an Fhoireann Lár-Thiar)	(074) 9723540 (074) 912 3672 (074) 912 3770
GAILLIMH	Cathair na Gaillimhe:An Roinn Oibre Shóisialta An Oifig Sláinte Áitiúil, 25 Bóthar an Chaisleáin Nua, Gaillimh, Co. na Gaillimhe Contae na Gaillimhe: Roinn Obair Shóisialta Thuama, An tIonad Sláinte, Sráid an Bhiocáire, Tuaim, Co. na Gaillimhe Roinn Obair Shóisialta Bhaile Locha Riach, An tIonad Sláinte, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe Roinn Obair Shóisialta Bhéal Átha na Slua, An tIonad Sláinte, Breacarnach, Béal Átha na Slua, Co. na Gaillimhe Roinn Obair Shóisialta Uachtar Ard, An tIonad Sláinte, Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe	(091) 546366 (093) 372000 (091) 847820 (090) 9646200 (091) 552200
CIARRAÍ	An Roinn Oibre Shóisialta, Seirbhísí Pobail FSS, Ráth Teas, Trá Lí, Co. Chiarraí Roinn Obair Shóisialta Chill Airne, Bóthar San Maighréad, Cill Airne, Co. Chiarraí	(066) 712 1566 (064) 6636030
CILL DARA	An Roinn Oibre Shóisialta, Naomh Muire ar Bhóthar Bhaile an Chradógaigh, An Nás, Co. Chill Dara	(045) 873200 (045) 882400
CILL CHAINNIGH	Oifig Obair Shóisialta – An Roinn Cúraim Leanaí, Leanaí, Ógánaigh agus Teaghlaigh, Ceatharlach/	(056) 7784057 (056) 7784532

	Chill Chainnigh, FSS Theas, Ospidéal Naomh Canice, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Cill Chainnigh, Co. Chill Chainnigh	
LUIMNEACH	An Roinn Oibre Shóisialta Ionad Sláinte Bhaile na Neanta, Baile na Neanta, Luimneach (An Fhoireann ó Dheas) Co. Luimnigh	(061) 457100
	An Roinn Oibre Shóisialta Ionad Sláinte Roxtown, Ardán Roxtown, Seansráid an Chláir, Luimneach (An Fhoireann ó Dheas) Co. Luimnigh	(061) 417622 (061) 483 091
	Roinn Obair Shóisialta Parkbeg, Teach Parkbeg, 2 Elm Drive, Caherdavin Lawns, Bóthar na hInse, Luimneach, Co. Luimnigh	(061) 206820
	An Roinn Oibre Shóisialta Ionad Sláinte Southhill, O'Malley Park, Southhill, Luimneach, Co. Luimnigh	(061) 209 985
	Roinn Oibre Shóisialta an Chaisleáin Nua, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh	(069) 62155
LAOIS	An Roinn Oibre Shóisialta, An tIonad Leanaí agus Teaghlaigh, Port Laoise, Co. Laoise	(057) 8692567 (057) 869 2568
LIATROIM	An Roinn Oibre Shóisialta An Oifig Chúraim Phobail, Bóthar Liatroma, Cora Droma Rúisc, Co. Liatroma	(071) 965 0324
AN LONGFORT	An Roinn Oibre Shóisialta, Áras Tivoli, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Co. an Longfoirt	(043) 3350584
LÚ	An Roinn Oibre Shóisialta, An tAonad Cúraim Sláinte Áitiúil, Áras Wilton, Plás Mhic an Ghaill, Dún Dealgan, Co. Lú	(042) 939 2200
	Ionad Sláinte Gharrán Bál, Garrán Bál, Droichead Átha, Co. Lú	(041) 983 8574 (041) 983 3163
MAIGH EO	Foireann Obair Shóisialta	(096) 21511

	Bhéal an Átha, Ionad Sláinte Bhéal an Átha, Bóthar na Trócaire, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo Foireann Obair Shóisialta Chaisleán an Bharraigh, Ceanncheathrú Naomh Muire, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo Foireann Obair Shóisialta Bhéal Átha na Muice, Ionad Sláinte Bhéal Átha na Muice, Áras Attracta, Béal Átha na Muice, Co. Mhaigh Eo	(096) 24841 (094) 902 2283 (094) 905 0133
AN MHÍ	Seirbhísí Oibre Sóisialta Pobail, An tIonad Fiontraíochta, An Uaimh, Co. na Mí Seirbhísí Oibre Sóisialta Pobail, An tIonad Leanaí agus Teaghlaigh, An Uaimh, Co. na Mí Seirbhísí Oibre Sóisialta Pobail, Aonad Cúram Sláinte Dhún Seachlainn, Dún Seachlainn, Co. na Mí	(046) 909 7817 (046) 907 8830 (01) 802 4102
MUINEACHÁIN	An Roinn Oibre Shóisialta, An tAonad Cúraim Sláinte Áitiúil, Rúscaigh, Co. Mhuineacháin	(047) 30426 (047) 30427
UÍBH FHÁILÍ	An Roinn Oibre Shóisialta, Seomra Dhoire, Áras an Chaisleáin, Sráid na Teamhrach, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fháilí	(057) 937 0700
ROS COMÁIN	An Fhoireann Oibre Shóisialta, Áras Bhaile na Mainistreach, Sráid na Mainistreach, Co. Ros Comáin An Fhoireann Oibre Shóisialta, PCCC Ros Comáin, Bóthar Bhéal Átha Liag, Ros Comáin, (ceantar Ros Comáin An Fhoireann Oibre Shóisialta, An tIonad Sláinte, Sráid Ail Finn, Mainistir na Búille, Co. Ros Comáin (ceantar Mhainistir na Búille)	(090) 6626732 (090) 663 7528 (090) 663 7529 (071) 966 2087 (090) 663 7843

	An Fhoireann Oibre Shóisialta, Oifigí Nua FSS, An Cnoc Rua, An Caisleán Riabhach, Co. Ros Comáin (ceantar an Chaisleáin Riabhaigh)	
SLIGEACH	Baile Shligigh agus na ceantair mháguaird: Teach Markievicz, Sráid na Beairice, Co. Shligigh Deisceart Chontae Shligigh: One Stop Shop, Teach Laighne, Humbert Street, Tobar an Choire, Co. Shligigh	(071) 915 5133 (071) 912 0062
TIOBRAID ÁRANN THUAIDH	Leas-Fhoireann Oibre Shóisialta Thiobraid Árann Thuaidh, Oifigí na Cathrach, Bóthar Luimnigh, An tAonach, Co. Thiobraid Árann Seirbhísí Chaomhnú Leanaí Thiobraid Árann Thuaidh: An Roinn Oibre Shóisialta, Sruthán Anna, An tAonach, Co. Thiobraid Árann Ionad Sláinte Naomh Muire, Sráid Parnell, Durlas, Co. Thiobraid Árann	(067) 46 636 (067) 41 934 (0504) 24 609
TIOBRAID ÁRANN THEAS	Seirbhísí Chaomhnú Leanaí Thiobraid Árann Theas: An Fhoireann Oibre Shóisialta, Seirbhísí Cúram Pobail Thiobraid Árann Theas, An Bóthar Iartharach, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann	(052) 617 7302 (052) 617 7303
PORT LÁIRGE	Port Láirge: An tSeirbhís Oibre Shóisialta, Seirbhísí Pobail Phort Láirge, Bóthar Chorcaí, Co. Phort Láirge Dún Garbháin agus na limistéir máguaird: An Roinn Oibre Shóisialta, Seirbhísí Pobail Dhún Garbháin, Ospidéal Naomh Seosamh, Dún Garbháin, Co. Phort Láirge	(051) 842827 (058) 20906
AN IARMHÍ	An Roinn Oibre Shóisialta, Ionad Sláinte Bhaile Átha Luain, Bóthar Chuasáin, Baile Átha Luain, Co. na	(090) 648 3106

	hIarmhí An Roinn Oibre Shóisialta, An tIonad Leanaí agus Teaghlaigh, Naomh Lomáin, Páirc an Spidéil, AnMuileann gCearr, Co. na hIarmhí	 (044) 934 4877
LOCH GARMAN	Ionad Sláinte Ghuaire, Tailte an Ospidéil, Guaire, Co. Loch Garman Ionad Sláinte Inis Córthaidh, Bóthar Ghort an Mhuilinn, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman Ionad Sláinte Ros Mhic Thriúin, Tailte an Ospidéil, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman An Roinn Oibre Shóisialta, Áras Ely, Port an Chalaidh, Co. Loch Garman	(053) 9430100 (053) 923 3465 Caidreamh trí Áras Ely thíos (053) 912 3522 Fo-líne 201
CILL MHANTÁIN	An Roinn Oibre Shóisialta, FSS, Bóthar Thaobh an Ghleanna, Baile Chill Mhantáin, Co. Chill Mhantáin Bré: An Roinn Oibre Shóisialta, An tIonad Cathardha, An Phríomhshráid, Bré, Co. Chill Mhantáin Deilgne: An Roinn Oibre Shóisialta, Ionad Sláinte Dheilgne, Deilgne, Co. Chill Mhantáin	(0404) 60800 (01) 274 4180 (01) 274 4100 (01) 2871482

Aguisín 6: Prótacál lena dtugtar údarás le beart láithreach

Tugtar údarás leis an bprótacál seo a leanas do bheart láithreach a dhéanamh faoi alt 5.2 sna 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile'.

Bunscoileanna

I gcomhthéacs na nósanna imeachta seo, nuair atá cúis mhaith leis i gcúinsí an cháis, tá d'údarás ag cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ó údarás na scoile, mar bheart réamhchúraim d'fhonn leanaí na scoile a chaomhnú agus de réir phrionbabail an cheartais aiceanta agus toimhde na neamhchiontachta, ordú d'fhostaí fanacht ón am sin díreach as láthair na scoile gan aon chaillteanas pá go dtí go mbíonn an cheist measta ag an bhfostóir.

Tabharfar cuireadh don fhostaí teacht chuig cruinniú leis an gcathaoirleach, arb é cuspóir a bheidh leis an fostaí a chur ar an eolas faoin líomhain agus faoin mbeart atá á dhéanamh. Is féidir leis an bhfostaí duine cuí dá rogha féin a bheith ina c(h)uideachta agus cuirfear sin in iúl dó nó di.

Déanfar, ar aon chuma, an fostaí a chur ar an eolas faoin gcás i scríbhinn chomh maith.

Scoileanna Iarbhunscoile

(A) I gcomhthéacs na nósanna imeachta seo, nuair atá cúis mhaith leis i gcúinsí an cháis, tá d'údarás ag príomhoide na scoile ó údarás bainistíochta na scoile, mar bheart réamhchúraim d'fhonn leanaí na scoile a chaomhnú agus de réir phrionbabail an cheartais aiceanta agus toimhde na neamhchiontachta, ordú d'fhostaí fanacht ón am sin díreach as láthair na scoile gan aon chaillteanas pá go dtí go mbíonn an cheist measta ag an bhfostóir.

Tabharfar cuireadh don fhostaí teacht chuig cruinniú leis an bpríomhoide, arb é cuspóir a bheidh leis an fostaí a chur ar an eolas faoin líomhain agus faoin mbeart atá á dhéanamh. Is féidir leis an bhfostaí duine cuí dá rogha féin a bheith ina c(h)uideachta agus cuirfear sin in iúl dó nó di.

Déanfar, ar aon chuma, an fostaí a chur ar an eolas faoin gcás i scríbhinn chomh maith.

(B) Maidir le scoil nó coláiste atá faoi choimirce Choiste Gairmoideachais, is é Príomhfheidhmeannach an Choiste Gairmoideachais nó duine dá dtarmligtear údarás chuige sin a dhéanamh an socrú maidir le hordú d'fhostaí imeacht agus fanacht as láthair i gcás mar a leagtar amach faoi (A) thuas.

Críoch